



Foras na Gaeilge

**Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge
don bhliain 2021**

Dáta	Leathanach
29 Eanáir	02
01 Márta	08
12 Márta	12
23 Aibreán	21
11 Meitheamh	32
30 Iúil	44
17 Meán Fómhair	52
29 Deireadh Fómhair	59
10 Nollaig	69

Miontuairiscí ón 186ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 29 Eanáir 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

ROIMH AN GCRUINNIÚ: OSRADHARC AR STRUCHTÚIR AGUS OBAIR FHORAS NA GAELIGE

Thug an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, E. Ní Chorráin, cur i láthair ar mhór-réimsí oibre Fhoras na Gaeilge don chúigear Comhaltaí nuacheaptha: D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe agus C. Mac Giolla Mhín.

Fiosraíodh an mbeidh deis ag Comhaltaí cuairt a dhéanamh ar dheontaithe a fhaigheann maoiniú ón bhForas mar chuid de ghnó an Bhoird. Soiléiríodh gur faoin bhfoireann, seachas faoin mBord, atá sé monatóireacht a dhéanamh ar dheontaithe, ach go n-eagraítear Cruinnithe Boird in ionaid éagsúla ó am go chéile.

Ceistíodh an raibh maoiniú faighte ag na Líonraí Gaeilge go fóill agus cuireadh in iúl gur chinn na Líonraí gan an maoiniú a ghlacadh de bharr gur cheap siad go mbeadh siad faoi mhíbhuntáiste ag na coinníollacha scéime a bhí fógartha ag an am don Scéim Pobal Gaeilge.

01.186 FOCAL ÓN LEAS-CHATHAOIRLEACH AGUS CUR IN AITHNE AG COMHALTAÍ

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála. Cuireadh in iúl go gceapfar Cathaoirleach agus Comhalta eile ar an mBord ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) ag deireadh mhí an Mhárta.

Gabhadh comhghairdeas leis an gComhalta Boird N. Ní Chiaráin ar bhreith a mic.

Cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí nuacheaptha: D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe agus C. Mac Giolla Mhín.

Chuir gach duine i láthair an chruinnithe, idir Chomhaltaí Boird agus fhoireann an Fheidhmeannais, iad féin in aithne do na Comhaltaí nuacheaptha.

Cuireadh in iúl gurb ionann trian de bhallaíocht reatha an Bhoird agus córam ag cruinnithe den Bhord, agus go gciallaíonn sin cúigear Comhaltaí faoi láthair.

02.186 MIONTUAIRISCÍ

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird ar an 11 Nollaig 2020.

03.186 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Thagair an Príomhfheidhmeannach do Shéala an Aistriúcháin agus dhearbhaigh sé gur 47 duine a ghlac páirt sa scrúdú. Chuir sé in iúl go mbeadh an tagairt i dtuairisc na hArdbhainistíochta sna miontuairiscí le ceartú – gur 42 a bhí luaite. Cuireadh in iúl go bhfoilseofaí torthaí an scrúdaithe go luath.

Cuireadh in iúl go réachtálfaí scrúdú eile creidiúnaithe don Séala i mbliana. Dearbhaíodh go bhfuil thart ar 50 duine ar an liosta feithimh faoi láthair, agus go gcuirfí tús le próiseas tairseana ina leith nuair a bheidh críoch tagtha leis an mbabhta seo den scrúdú.

D'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol choimhlint leasa.

Tagraíodh don mhaoiniú eisceachtúil a ceadaíodh do Leabhar Breac ag Cruinniú Boird mhí na Nollag 2020, agus dearbhaíodh gur glacadh leis an tairiscint. Tuairiscíodh nach rabhthas ábalta an difríocht idir an maoiniú eisceachtúil agus an maoiniú a gheobhadh Leabhar Breac tríd an Scéim a cheadú as tearc-chaiteachas Chlár na Leabhar Gaeilge mar gur le clár oibre 2020 a bhain an tearc-chaiteachas sin.

D'fhill D. Mac Cárthaigh ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

04.186 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Níor chláraigh comhalta ar bith baol coimhlint leasa.

05.186 COVID-19

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) Tá na hoifigí uilig dúnta nó ar oscailt go teoranta ó bhí Lá Fhéile Pádraig 2020 ann;
- ii) Tá trádstóras ÁIS ar oscailt agus ag feidhmiú ar bhonn teoranta;
- iii) Tá trealamh curtha amach chuig an bhfoireann chun tacú leo agus iad ag obair ó chian;
- iv) Tá ardfheidhmíocht léirithe ag an bhfoireann in ainneoin na socrúithe reatha oibre;
- v) Scaipfear an ceistneoir bliantúil ar an bhfoireann an tseachtain seo ar Shásamh as Obair;
- vi) Tá rochtain ar na hoifigí teoranta do thascanna cothabhála amháin faoi láthair de bharr stádas na dianghlasála sa dá dhlínse;
- vii) Tá Foras na Gaeilge ullmhaithe don athoscailt ó thaobh trealaimh de;
- viii) Déanfar athbhreithniú ar scéimeanna an Fhoras na Gaeilge i gcomhthéacs COVID-19, agus cuirfear tuairisc ina leith sin faoi bhráid an Bhoird i mí an Mhárta.

Fiosraíodh an bhfuil deiseanna ag an bhfoireann plé leis an bhfoireann ardbhainistíochta tríd a gceardchumann, agus cuireadh in iúl go bhfuil Coiste Páirtnéireachta ann idir na ceardchumann SIPTU agus FÓRSA agus an fhoireann bhainistíochta, agus gur féidir le fostaithe plé leis an bhfoireann ardbhainistíochta tríd an bhfóram sin. Tuairiscíodh go bhfuil dea-chaidreamh idir an fhoireann ardbhainistíochta agus na ceardchumann.

06.186 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas don aitheantas a tugadh do Chomóradh 1500 bliain Cholmcille i dtuairisc ón Roinn Gnóthaí Eachtracha ó dheas maidir leis an gcaidreamh idir Éirinn agus Albain.

Tugadh suntas don athdháileadh iomlán in 2020.

Tagraíodh don chruinniú den Choiste Comhairleach den Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, ina raibh an Leas-Phríomhfheidhmeannach i láthair. Fiosraíodh an féidir iarraidh ar an gCoiste tosaíocht a dhéanamh de na scoileanna Gaeltachta ar mhian leo múineadh trí mheán na Gaeilge, seachas a bheith ag díriú airde ar na scoileanna nach mian leo sin.

D'fhág M. Ni Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird síneadh 6 mhí don tréimhse 01/07/2021– 31/12/2021, ar chostas €443,712, a thabhairt do dheontaithe reatha an SPG. Soiléiríodh go raibh an moladh seo á chur de bharr nach mbeidh deis ann buiséad an chéad bhabhta eile den SPG a fhaomhadh go dtí an Cruinniú Boird ar 23 Aibreán, agus nach mbeidh a dhóthain ama ann dul tríd an próiseas iomlán measúnaithe deontais sula dtiocfadh deireadh leis an scéim reatha.

Glacadh leis an mholadh.

D'fhill M. Ní Chonghaile ar an gcruinniú ag an bpointe seo.

Chuir M. Ní Chonghaile in iúl nár aontaigh sí leis an mbreith go raibh baol coimhlint leasa aici sa chás seo. D'fhiosraigh sí an bhféadfadh an Bord athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta tosaíochtaí caiteachais don mhaoiniú breise a raibh súil leis. Soiléiríodh gurb é an treoir reatha ó na Ranna ná buiséid Fhoras na Gaeilge a bhunú ar sholáthar 2020, seachas a bheith ag ullmhú le haghaidh ardú buiséid sula gceadaítear é. Míníodh go mbeadh deis ann na tosaíochtaí caiteachais a phlé nuair a bheadh eolas faighte ar an mbuiséad méadaithe, agus aontaíodh go bpléifear an t-ábhar ag an gcéad Chruinniú Boird eile i mí an Mhárta.

Fiosraíodh an bhfuil tuairisc deiridh tionscadail ann don *Concise English-Irish Dictionary*, agus cuireadh in iúl go mbeidh an tuairisc réidh i Ráithe 2.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

07.186 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

1) Coiste na nDeontas

Thug cathaoirleach an Choiste cuntas ar na moltaí ón gCoiste. Cuireadh in iúl nach raibh cruinniú den Choiste ann de bharr nach raibh ach aon iarratas amháin le plé.

Leasuithe Buiséid 2020

Thug an Bord suntas do leasuithe buiséid 2020 le haghaidh Gaeloideachas, an tÁisaonad, agus Cumann na bhFiann.

Tionscadal Léitheoireachta 2021-2025

Ceadaíodh an moladh go gcuirfí €40,000 in aghaidh na bliana ar fáil do Chomhar ar mhaithe le tionscadal léitheoireachta a bhainistiú don tréimhse 2021-2025. Soiléiríodh go n-íocfar an deontas seo ó bhuiséid Chlár na Leabhar Gaeilge.

Glacadh briseadh 15 nóiméad ag an bpointe seo.

08.186 BALLRAÍOCHT CHOISTÍ AN BHOIRD

Cuireadh in iúl gur faoin gCathaoirleach atá sé ballraíocht na gCoistí a shocrú, agus de bharr nach gceapfar Cathaoirleach go dtí deireadh mhí an Mhárta, chuir an Leas-Chathaoirleach cur chuige molta faoi bhráid an Bhoird chun ballraíocht na gCoistí a shocrú ar bhonn eatramhach. Glacadh leis an gcur chuige molta.

Fiosraíodh an féidir réimsí oibre na gCoistí a athbhreithniú nó coistí eile a bhunú agus dearbhaíodh go bhfuil soláthar ann dó sin sna Buan-Orduithe. Moladh go gcuirfeadh an Coiste Forbartha tuairisc faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad Chruinniú Boird eile ina leith seo.

09.186 PLEAN CORPARÁIDEACH FHORAS NA GAELIGE 2020-2022

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar Phlean Corparáideach Fhoras na Gaeilge 2020-2022, ar phróiseas a dhréachta, ar a leagan amach, agus ar na struchtúir reachtúla a bhaineann lena dhréachtú. Bhí plé ar an ábhar.

10.186 BUAICPHOINTÍ 2020

Thug an Príomhfheidhmeannach cur i láthair ar bhuacphointí Fhoras na Gaeilge 2020.

11.186 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 NOLLAIG 2020

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 31 Nollaig 2020 i láthair an chruinnithe agus tugadh cur síos ar leagan amach an Ráitis.

Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- i. Tá na fuílligh bhainc ag deireadh na bliana níos airde ná a bhíonn de gnáth, agus gurb é Covid-19 an príomhchúis leis sin;
- ii. Bhí díolachán ÁIS in 2020 níos airde ná 2019, agus go bhfuil sin suntasach sa chomhthéacs gur dúnadh trádstóras ÁIS de réir na chéad dianghlása i Ráithe 2 2020;
- iii. Níor éiligh Foras na Gaeilge c€162,000 ó na Ranna Urraíochta agus sciar dheireadh na bliana á chur isteach in 2020 de bharr impleachtaí a bhain le Covid-19.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

12.186 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl go bhfuarthas comhfhreagras ó Chathaoirleach Chumann Chluain Ard, agus go bhfuil an Feidhmeannas ag plé leis. Dearbhaíodh gurb í an tuairisc chéanna í ó 2018 a bhí i gceist a cuireadh faoi bhráid an Bhoird cheana.

Iarradh an comhfhreagras a roinnt leis an mBord.

Iarradh ar an bhfeidhmeannas breathnú ar chur chuige chun comhfhreagras cuí a roinnt leis an mBord don chéad chruinniú eile.

13.186 CRUINNITHE BOIRD 2021

Roinneadh na dátaí le haghaidh Cruinnithe Boird in 2021 leis an mBord mar eolas. Cuireadh in iúl gur ar Zoom a reáchtálfar na cruinnithe go dtí go geloisfear a mhalairt de threoir.

14.186 AON GHNÓ EILE

Iarradh uasdátú ar staid reatha na luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, agus cuireadh in iúl go bhfuil dréacht-thuairisc faighte. Cuireadh in iúl go bpléifear an luacháil ag an gcéad Chruinniú Boird eile tríd an gCoiste Forbartha.

Pléadh ról Fhoras na Gaeilge mar eagraíocht stáit chun éileamh a dhéanamh le haghaidh seirbhísí gairmiúla trí mheán na Gaeilge, agus an chaoi a n-éascaíonn sé sin an t-éileamh sin ag leibhéal an phobail i gcoitinne. Soiléiríodh go mbíonn an Ghaeilge lárnach i próisis sholáthar Fhoras na Gaeilge. Iarradh ar an fheidhmeannas moltaí ina leith seo a thabhairt chuig an mBord.

Barra Ó Muirí
Leas-Chathaoirleach
12 Márta 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021
Barra Ó Muirí	✓							
Conor McGuinness	✓							
Maighréad Ní Chonghaile	✓							
Máire Ní Neachtain	✓							
Sorcha Ní Chéide	✓							
Niall Ó Gallochobhair	✓							
Daithí Mac Cárthaigh	✓							
Wuraola Majekodunmi	✓							
Neasa Ní Chiaráin	✓							
Liam Rushe	✓							
Liadh Ní Riada	✓							
Doiminic Ó Brolcháin	✓							
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓							
Kevin Ó hEadhra	✓							

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Miontuairiscí ón gCruinniú Speisialta den Bhord a tionóladh Dé Luain 01 Márta 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, N. Ó Gallochobhair, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, L. Rushe, C. Mac Giolla Mhín.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

01. FÁILTE AN LEAS-CHATHAOIRLIGH AGUS LEAGAN AMACH AN CHRUINNITHE A MHÍNIÚ

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh Chomhaltaí Boird chuig an gcrúinniú atá á reáchtáil ar Zoom de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socrúithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Rinne an Leas-Chathaoirleach cur síos ar leagan amach an chruinnithe. Cuireadh in iúl go bhfuil plé an chruinnithe seo dírithe go príomhá ar an bhféidearthacht go gceadóidh an CATT ardú buiséid bonnlíne d'Fhoras na Gaeilge, agus go mbeidh na Ranna Urraíochta ag iarraidh a fheiceáil go bhfuil plean ag Foras na Gaeilge maidir le conas a chaithfeadh sé an buiséad méadaithe sin.

02. PLÉCHÁIPÉISÍ A CHUR I LÁTHAIR

Chuir an Príomhfheidhmeannach na plécháipéisí i láthair an chruinnithe.

Cuireadh in iúl gur iarr na Ranna Urraíochta go leasófaí tagairt i ráiteas físe Fhoras na Gaeilge sa Phlean Corparáideach ó 'ar fud na tíre' go 'ar fud an oileáin', sula gcuirfí an cháipéis faoi bhráid an CATT. Ghlac an Bord leis an athrú seo. Iarradh cóip den Phlean Corparáideach leasaithe a chur ar fáil don Bhord.

03. BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cláraíodh baol coimhlintí leasa mar seo a leanas:

- B. Ó Muirí, M. Ní Chonghaile agus C. McGuinness i leith an Scéim Pobal Gaeilge;
- W. Majekodunmi i leith Ráidíó na Life; agus
- D. Ó Brolcháin agus D. Mac Cárthaigh i leith Chonradh na Gaeilge;

D'iarr M. Ní Chonghaile é a nótaíl sna miontuairiscí nár aontaigh sí le polasaí Fhoras na Gaeilge i leith baol coimhlintí leasa, ach go raibh sí toilteanach cloí leis ina ainneoin sin.

Chuir M. Ní Neachtain agus S. Ní Chéide in iúl go raibh baol coimhlint leasa féideartha acu, dá mbeadh plé ar thacaíocht bhreise do chompántais drámaíochta nó mór-imeachtaí ealaíon, agus dá dtiocfadh sin chun cinn go dtarraingeodh siad siar ón bplé.

04. PLÉ I NGRÚPAÍ AR NA PLÉCHÁIPÉISÍ

Scagadh na Comhaltaí i dtrí sheomra plé chun na plécháipéisí a phlé.

05. TUIRISCIÚ Ó NA GRÚPAÍ

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 1 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil bearna sa soláthar a dhéanann Foras na Gaeilge chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc an phobail inimirce ar an oileán, agus go bhféadfaí léirithe spéise a lorg ó na Ceanneagraíochtaí chun tabhairt faoin réimse sin;
2. Go bhfuil tosaíocht le leagan ar an luach ar airgead a fhaigheann Foras na Gaeilge ar a chuid caiteachais ar na Ceanneagraíochtaí, agus gur chóir coinníollacha a leagan ar aon deontaí reatha lena chinntiú go n-úsáidfidís aon mhaoiniú breise a cheadófaí dóibh chun freastal ar an bpobal ar bhonn uile-oileáin, go háirithe i réimse na hóige agus maidir le chur chun cinn na Gaeilge i scoileanna meáin Bhéarla ó thuaidh;
3. Fiosraíodh arbh fhiú fordheontas a chur ar fáil do naíonraí lán-Ghaeilge, a dhéanfadh coinníollacha oibre cúram leanaí trí mheán na Gaeilge ní ba tharraingtí, agus dá réir sin, oibríthe le caighdeán ard Gaeilge a mhealladh;
4. Moladh a bheith cinnte faoi na torthaí má bhí infheistíocht bhreise le déanamh i réimse na margaíochta agus caidrimh phoiblí;
5. Gurbh fhiú foinsí eile maoinithe a fhiosrú i dtaca le foclóirí agus foilseacháin; agus
6. Gur thacaigh an grúpa go sonrach leis an Scéim Pobal Gaeilge mar scéim de chuid Fhoras na Gaeilge, agus gur mheas sé gur chóir tacaíocht chuí a chur ar fáil don scéim.

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 2 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil tosaíochtaí deacair a mheas gan pleananna na n-eagras ábhartha ar fáil;
2. Go bhfuil difríocht shuntasach idir na riachtanais tacaíochta atá ag imeachtaí fíorúla agus atá ag imeachtaí fisiciúla, agus gur chóir cur chuige idirdhealaithe a bheith ag Foras na Gaeilge chun tacú leis na riachtanais sin;
3. Nach mbeadh sé oiriúnach maoiniú breise a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí mura mbeadh sé soiléir go raibh luach maith ar airgead ar fáil;
4. Gurbh fhiú úsáid níos fearr a bhaint as an teicneolaíocht le feasacht a ardú;
5. Go bhfuil soláthar níos fearr do scoláireachtaí Gaeltachta de dhíth;
6. Go bhfuil tuilleadh áiseanna de dhíth ar an bpobal míchumasach; agus
7. Gur chóir dúbailt chaiteachais i réimsí a sheachaint agus comhoibriú éifeachtach idir eagrais a chothú, go háirithe i réimse na pleanála teanga.

Thug an Comhalta tuairisceora ar Ghrúpa 3 cuntas ar na nithe a phléigh an grúpa. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

1. Go bhfuil na réimsí cearta clúdaithe ag na plécháipéisí, ach go dteastaíonn breis maoinithe ar réimsí éagsúla thar réimsí eile;
2. Go mbeadh sé tábhachtach go bhfeicfí an leas don phobal i gcaiteachas breise ar bith;
3. Go bhfuil an soláthar buiséid do chlár Cumarsáide agus Margaíochta níos mó ná an soláthar don dá Ionad Gaeilge ó thuaidh, agus go mbeadh ciste níos mó de dhíth don réimse seo;

4. Go bhfuil tuilleadh áiseanna de dhíth ar an bpobal míchumasach; agus
5. Gur thacaigh an grúpa go sonrach leis an Scéim Pobal Gaeilge mar scéim, agus gur mheas sé gur chóir tacaíocht chuí a chur ar fáil de réir mar a leomhfadh an buiséad don scéim.

Ardaíodh ceist sa phlé an mbeadh sé níos fearr an méadú iomlán a chaitheamh ar líon beag réimsí seachas iarracht a dhéanamh raon leathan réimsí a chlúdach.

06. EOLAS AR AN MBEALACH CHUN TOSAIGH

Ghabh an Príomhfheidhmeannach a bhuíochas leis na Comhaltáí as ucht a gcuid aiseolais. Chuir sé in iúl go bhfuil an Fheidhmeannas ag iarraidh an t-aiseolas seo a phósadh leis an aiseolas ó Chlárbhainisteoirí Fhoras na Gaeilge agus go gcuirfí moladh faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad Chruinniú Boird eile ar 12 Márta 2021.

07. SEISIÚN GAN FHEIDHMEANNAS

Bhí seisiún gan Fheidhmeannas ag an mBord.

Barra Ó Muirí
Leas-Chathaoirleach
12 Márta 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Barra Ó Muirí	✓	✓							
Conor McGuinness	✓	✓							
Maighréd Ní Chonghaile	✓	✓							
Máire Ní Neachtain	✓	✓							
Sorcha Ní Chéide	✓	✓							
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓							
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓							
Wuraola Majekodunmi	✓	✓							
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓							
Liam Rushe	✓	✓							
Liadh Ní Riada	✓	✓							
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓							
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓							
Kevin Ó hEadhra	✓	✓							

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Miontuairiscí ón 187ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 12 Márta 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada agus C. Mac Giolla Mhín.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Leithscéalta: N. Ó Gallochobhair agus L. Rushe.

FÁILTE ÓN LEAS-CHATHAOIRLEACH

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socrú breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála. Cuireadh in iúl go rabhthas ag súil go gceapfaí Cathaoirleach agus Comhalta eile ar an mBord ag an gcéad chruinniú eile den Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas (CATT) ar an 31 Márta.

Chuir an Cathaoirleach in iúl gurb ionann trian de bhallraíocht reatha an Bhoird agus córam ag cruinnithe den Bhord, agus go gciallaíonn sin cúigear Comhaltaí faoi láthair.

Thagair an Príomhfheidhmeannach do scéal sna meáin maidir le Foras na Gaeilge agus bhí plé ina leith. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach an dochar a d'fhéadfaí a bheith déanta do dhea-cháil Fhoras na Gaeilge nuair a chuirtear scéalta chuig na meáin gan sin a údarú roimhe ré. Chuir sé in iúl go raibh foireann uile Fhoras na Gaeilge i dteideal a bheith ag déanamh a gcuid oibre gan na meáin a bheith á n-úsáid le brú a chur orthu. Mhínigh sé gurb é an nósmaireacht a bhí ann aon phlé leis na meáin a bhainistiú trí Chlárbhainisteoir Cumarsáide Fhoras na Gaeilge, an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach, seachas cur chuige ad hoc. Mheabhraigh sé gur aontaíodh leis an mBord cheana go lorgóidh an Feidhmeannas oiliúint trí Ghaeilge don Bhord, ach go mbeadh am ag teastáil chun na próisis chúí soláthair a chur i gcrích, agus gur údar díomá é nár tugadh deis don fhoireann tabhairt faoi na próisis sin mar ba cheart.

Pléadh an easpa treorach atá ag an mBord i dtaca le cúrsaí cumarsáide i láthair na huair agus aontaíodh go gcuirfí cáipéis ar fáil ag an gcéad Chruinniú Boird eile a shoiléireodh cumarsáid idir Foras na Gaeilge agus na meáin.

01.187 MIONTUAIRISCÍ

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird ar an 29 Eanáir 2021, agus le miontuairiscí an Chruinnithe Speisialta den Bhord ar an 01 Márta 2021.

02.187 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Tháinig S. Ní Chéide i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Iarradh nuashonrú ar an teagmháil le Cumann Chluain Ard. Cuireadh in iúl gur scríobhadh litir agus go bhfuil muid ag fanacht ar fhreagra le cruinniú a shocrú.

Fiosraíodh an cur chuige maidir le comhfhreagras a thuairisciú don Bhord. Aontaíodh, seachas sa chás go n-iarrfadh údar litreach go gcuirfí a litir faoi bhráid an Bhoird, go ndéanfadh an Príomhfheidhmeannach, i gcomhairle leis an gCathaoirleach cinneadh maidir le comhfhreagras a thuairisciú don Bhord.

Iarradh nuashonrú maidir leis an luacháil iarthionscadail ar an bhFoclóir Nua Béarla-Gaeilge. Cuireadh in iúl go mbeidh an tuairisc réidh faoi dheireadh Mheithimh.

Pléadh minicíocht na seisiún gan an feidhmeannas i láthair, agus aontaíodh go mbeidh seisiún gan feidhmeannas ag deireadh gach dara cruinniú.

03.187 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil na baoil coimhlint leasa seo a leanas ag comhaltaí:

- B. Ó Muirí i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge;
- C. McGuinness i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge; agus
- Chuir M. Ní Chonghaile in iúl nár léir di go bhfuil Scéim Pobal Gaeilge ar chlár an chruinnithe, ach go n-imeodh sí dá mbeadh plé le déanamh uirthi.

Bhí roinnt Comhaltaí míchompórdach leis an gcaoi a gcuirtear an polasaí coimhlint leasa i bhfeidhm, agus iarradh go n-iarrfaí ar shaineolaí neamhspleách tuairim a léiriú ar an bpolasaí.

04.187 COVID-19

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socruithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Tá beagán athruithe le tuairisciú ón uair dheiridh gur cuireadh tuairisc ar an ábhar seo i láthair an Bhoird;
- ii. Níl ach oibrí thrádstóras ÁIS ag obair ar an láthair oibre faoi láthair;
- iii. Is é an 05 Aibreán dáta athbheithnithe an Rialtais ar shocruithe dianghlasála ó dheas;
- iv. Tá Foras na Gaeilge réidh chun na hoifigí a oscailt go sábháilte a fhad is atá cead tugtha ag na rialtais ina leith; agus
- v. Tá pleanáil a dhéanamh ar an gcianobair mar shocrú meán- agus fad-téarmach ó thaobh bainistíocht foirne de.

05.187 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair agus bhí plé ina leith.

Fiosraíodh ar chóir don fhoireann cruinnithe a bheith acu le heagraíochtaí atá ag fáil maoiniú uainn, chun plé a dhéanamh ar thosaíochtaí maoinithe Fhoras na Gaeilge. Míodh go raibh sé de nós ag an bhfoireann bualadh le réimse leathan páirtithe leasmhara lena dtuairimí a fháil ar raon ceisteanna mar chuid dár bpróisis neamhfhoirmiúla chomhairliúcháin.

Iarradh soiléiriú maidir leis an gconradh d’obair chorpais foclóireachta. Soiléiríodh gurb é an cur chuige is éifeachtaí é ó thaobh cuid mhór cinntí foclóireachta ná leas a bhaint as fianaise chorpais. Tuairiscíodh go bhfuil tionscadal mór chorpais ar bun ag Fiontar DCU cheana féin, agus go bhfuil an rannóg foclóireachta ag iarraidh leas a bhaint as an tionscadal sin le cur leis an gcorpas foclóireachta atá ar fáil acu. Tá faomhadh Boird ag teastáil inniu chun an conradh a cheadú.

Iarradh eolas faoin gCiste Tionscadail agus cuireadh in iúl go bhfuil soláthar de €60,000 ann faoi láthair, go raibh súilíocht ann go bhféadfaí cur leis, agus go mbeidh an Ciste á oscailt i gceann seachtaine.

Fiosraíodh an mbeadh Coiste Colmcille á athbhunú agus cuireadh in iúl go mbeadh cinneadh le déanamh i leith na gcoistí uile nuair a bheidh Cathaoirleach nua ceaptha ar an mBord.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Cheadaigh an Bord na conarthaí seo a leanas faoi scáth Thuairisc na hArdbhainistíochta

- a) Conradh le Grúpa Taighde Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge (DCU) chun Céim 3 den Chorpas Taighde Foclóireachta a chur i gcrích;
- b) Síneadh 6 mhí ar an gconradh le Richardsons’ chun ábhar poiblíochta a sholáthar;
- c) Síneadh 6 mhí ar an gcomhaontú le bainisteoir tionscadail an Fhoclóra.

06.187 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

a) Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas ar an 26 Feabhra 2021. Cuireadh in iúl gur roghnaíodh S. Ní Chéide mar Chathaoirleach an Choiste agus L. Ní Riada mar Leas-Chathaoirleach.

Moladh mion-leasú amháin ar Théarmaí Tagartha reatha an Choiste agus aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú orthu arís i lár na bliana seo nuair a bheidh baill an Choiste socraithe isteach i ngnó an Choiste.

Leasuithe Buiséid

Thug an Bord suntas do leasuithe buiséid le haghaidh Gaeloideachas.

Tuairisc ar Impleachtaí Covid-19 ar Scéimeanna Fhoras na Gaeilge 2021

Thug an Bord suntas don tuairisc ar na pleananna le dul i ngleic le himpleachtaí Covid-19 ar Scéimeanna Fhoras na Gaeilge 2021.

Gradam Foilsitheoireachta 2021

Cheadaigh an Bord maoiniú imfhálaithe ar luach €27,000 d'Oireachtas na Gaeilge chun na Gradaim Foilsitheoireachta 2021 a riaradh.

Plean Teagmhais do Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-2022

Cheadaigh an Bord an plean teagmhais go gcuirfí síneadh bliana le Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta 2020-2022 sa chás go gcuirfí na cúrsaí Gaeltachta ar ceal i mbliana de bharr Covid-19, agus go gcaithfí soláthar 2021 don scéim ar an scéim in 2023.

b) An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha ar an 03 Márta 2021. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Roghnaíodh M. Ní Neachtain mar Chathaoirleach an Choiste, agus roghnaíodh W. Majekodunmi mar Leas-Chathaoirleach an Choiste;
- Glacadh le Téarmaí Tagartha reatha an Choiste agus aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú orthu i lár na bliana seo nuair a bheidh baill an Choiste socraithe isteach i ngnó an Choiste;
- Tugadh nuashonrú ar an Scéim Pobal Gaeilge agus ar phleananna don scéim a leanfadh í, Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-2024;
- Ghlac an Coiste leis an chéad tuairisc luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta, atá le cur faoi bhráid an Bhoird ag an gcruinniú Boird inniu;
- Mhol an Cathaoirleach Plean Gnó 2021 don Bhord; agus ghlac an Bord leis; agus
- Aontaíodh an t-athbhreithniú ar réimsí oibre Choistí uile an Bhoird a moladh ag Cruinniú Boird an 29 Eanáir 2021 a chur siar go lár na bliana nuair a bheidh an Bord iomlán socraithe isteach i ngnó na gCoistí.

An Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta

Chuir an Leas-Phríomhfheidhmeannach an tuairisc luachála i láthair an Bhoird. Léirigh Comhaltaí a ndíomá maidir leis na heasnamh sa tuairisc, agus chuir siad in iúl gur mheas siad go raibh na gnéithe ba tábhachtaí fágtha ar lár. Aithníodh go raibh fiúntas leis na moltaí a bhain leis na gnéithe den luacháil ar tugadh fúthu sa tuairisc, agus gur gá glacadh léi mar a bhí, agus iarracht a dhéanamh saineolaithe a fhostú le tabhairt faoi na bearnaí. Cuireadh in iúl go bhfuil plean forfheidhmithe á fhorbairt faoi láthair le dul i ngleic leis na heasnamh sa tuairisc, agus go bhfuil painéal á chur le chéile de dhaoine agus chomhlachtaí le Gaeilge a mbeadh an saineolas acu le tabhairt faoin obair sin.

Tugadh le fios, cé go raibh moill leis an luacháil, go raibh an Cur Chuige Comhpháirtíochta ag feidhmiú mar a beartaíodh, agus obair mhaith á cur i gcrích thar na réimsí uile.

Léirigh Comhaltaí frustrachas leis an moill ar an luacháil - nach mbeadh sí curtha i gcrích roimh an mheasúnú ar iarratais 2022. Léirigh roinnt Comhaltaí a mbuairt maidir le feidhmíocht an Chur Chuige Chomhpháirtíochta.

Glacadh leis an tuairisc luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta.

c) An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta 05 Márta 2021. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Roghnaíodh C. McGuinness mar Chathaoirleach an Choiste agus roghnaíodh L. Rushe mar Leas-Chathaoirleach an Choiste;
- Glacadh leis na Téarmaí Tagartha reatha agus cinneadh go ndéanfaí athbhreithniú orthu i lár na bliana seo nuair a bheas baill an Choiste socraithe isteach i ngnó an Choiste;
- Ceapadh R. Mac Pháidín agus R. Mac Fhionnlaoich mar bhaill sheachtracha don tréimhse eatramhach;
- Chuir an tIniúcháir Inmheánach trí thuairisc faoi bhráid an Choiste; agus
- Tugadh suntas dó nach bhfuil stocáireamh tús bliana déanta ag ÁIS i mbliana i bhfianaise na srianta COVID-19 agus go bhfuil stocáireamh beartaithe le haghaidh pointe níos oiriúnaí i lár na bliana; agus
- Ghlac an Coiste leis an gClár Rioscaí, atá le cur faoi bhráid an Bhoird ag an gcruinniú Boird inniu.

Ghabh Cathaoirleach an Choiste a bhuíochas le M. Ní Neachtain as an méid a rinne sí agus í ina Cathaoirleach ar an gCoiste Iniúchta roimhe.

07.187 AN CLÁR RIOSCAÍ

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Clár Rioscaí i láthair an Bhoird agus rinne sé cur síos ar a leagan amach agus ar an mbealach a gcuirtear le chéile é.

Glacadh leis an gClár Rioscaí.

Glacadh briseadh 15 nóiméad ag an bpointe seo.

08.187 DRÉACHT-PHLEAN GNÓ 2021 AGUS BUISÉAD 2021

Cuireadh an leagan leasaithe den Phlean Corparáideach 2020-2022 faoi bhráid an Bhoird mar eolas agus glacadh leis.

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Dréacht-Phlean Ghnó 2021 agus Buiséad 2021 i láthair an Bhoird. Cuireadh in iúl go bhfreagraíonn an Plean Gnó don Phlean Corparáideach, agus go bhfreagraíonn an Plean Corparáideach don Treo Straitéiseach 5 bliana atá ag Foras na Gaeilge, agus don Straitéis 20 bliain don Ghaeilge araon. Soiléiríodh go bhféadfadh go mbeidh gá an Plean Gnó a leasú le linn na bliana de bharr cúinsí eisceachtúla a bhaineann le Covid-19, agus go gcuirfear na leasuithe sin faoi bhráid an Bhoird le faomhadh má thagann siad chun cinn.

Pléadh an dá cháipéis agus ardaíodh roinnt ceisteanna fúthu. Soiléiríodh go bhfuil an buiséad bunaithe ar an soláthar reatha, agus nach mbeidh torthaí an phlé maidir le tosaíochtaí caiteachais le feiceáil air go dtiocfaidh méadú ar bhuiséad Fhoras na Gaeilge. Cuireadh in iúl go mbeadh an buiséad méadaithe sin le faomhadh ag an gcruinniú Boird i mí Aibreán, má chheadaíonn an Chomhairle Aireachta Thuaidh-Theas ardú buiséid d'Fhoras na Gaeilge.

Pléadh deacrachtaí pleanála a bhaineann le tearc-chaiteachas, agus cuireadh in iúl go bhfuil socruithe in áit chun dul i ngleic leis na deacrachtaí sin, lena n-áirítear an próiseas athdháilte, tacaíocht a thabhairt do dheontaithe agus iad ag athdhréachtadh pleananna, agus teagmháil leanúnach leis na Ranna Urraíochta chun fuílligh bainc agus imfhálú buiséid a phlé.

D'fhaomh an Bord an Dréacht-Phlean Gnó 2021 agus Buiséad 2021.

D'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo.

09.187 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 28 FEABHRA 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais go 28 Feabhra 2021 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Cuireadh in iúl go bhfuil ioncam trádála ÁIS rud beag ar gcúl sa chéad dá mhí den bhliain i gcomparáid le mar a bhí anuraidh.

Faomhadh an Ráiteas Caiteachais.

Ghlac an Bord leis an tuairisc ar cheangaltais deontas Fhoras na Gaeilge amhail 31/12/2020, agus leis an tuairisc ar dhíscríobh deontas Fhoras na Gaeilge le linn 2020.

D'fhág D. Ó Brolcháin agus C. McGuinness an cruinniú ag an bpointe seo.

10.187 TOSAÍOCHTAÍ CAITEACHAIS

Chuir an Príomhfheidhmeannach moltaí maidir le tosaíochtaí caiteachais i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Cuireadh in iúl go bhfuil tosaíochtaí caiteachais á bplé sa chomhthéacs go bhféadfadh an CATT ardú a cheadú do bhuiséad bonnlíne Fhoras na Gaeilge ag deireadh na míosa. Meabhraíodh do Chomhaltaí gur plé straitéiseach é an plé seo faoi phatrúin agus thosaíochtaí caiteachais ar bhonn ginearálta sa chás go gceadófaí méadú ar an bhuiséad bonnlíne, seachas plé ina ndéanfar gealltanais dhaingne maidir le caiteachas. Soiléiríodh nach mbaineann an plé le buiséad 2021, ach le buiséid sna blianta atá romhainn.

Pléadh ardú maoinithe do na Ceanneagraíochtaí i gcomhthéacs na gceisteanna a ardaíodh cheana. Míníodh gurb iad baill foirne na gCeanneagraíochtaí na daoine is mó atá ag obair ag leibhéal an phobail, go bhfuil tuarastal na bhfoirne sin leagtha amach de réir ciorcláin phá, agus go bhfuil na Ceanneagraíochtaí ag plé leis na ciorruithe chéanna agus atá Foras na Gaeilge le tamall de bhlianta anuas, rud a fhágann an éagothroime sin idir costais gníomhaíochta agus costais tuarastail sna Ceanneagraíochtaí. Soiléiríodh chomh maith go bhfuil an líon foirne atá ag cuid de na Ceanneagraíochtaí beag, agus go bhfuil an líon foirne sin ina bhac ó thaobh clár leathan gníomhaíochtaí a chur i gcrích ar fud an oileáin. Cuireadh in iúl nach réiteofaí na deacrachtaí sin trí bhreis ciorruithe a chur i bhfeidhm ar mhaoiniú na gCeanneagraíochtaí.

Pléadh an soláthar le haghaidh scéim tacaíochta do na hIonaid Ghaeilge, agus Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge. Cuireadh in iúl go bhfuil sé deacair éileamh a mheas ag an bpointe seo do na hIonaid Ghaeilge, agus go mbeidh deis ann an soláthar don Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge a scrúdú i dtéarmaí níos mionsonraithe ag an gcéad Chruinniú Boird eile nuair a bheidh buiséad Fhoras na Gaeilge deimhnithe ag an gCATT. Fiosraíodh ar chóir an maoiniú breise atá molta do na Ceanneagraíochtaí a chur i dtreo Scéim Ionad.

Fiosraíodh faoin dóigh a gcuirfí an plé ag an gCruinniú Speisialta den Bhord faoin inimirce agus faoin gcaighdeán Gaeilge sna naíonraí sna áireamh sna tosaíochtaí caiteachais. Cuireadh in iúl nach féidir le Foras na Gaeilge baill foirne sa bhreis a cheapadh gan cead ar leith ón CATT, ach go bhféadfaí plé leis an bpobal inimirce trí cheann de na Ceanneagraíochtaí. Cuireadh in iúl chomh maith go bhfuil spéis léirithe ag Gaeloideachas i dtionscadal ar leith a dhíreodh ar chaighdeán na Gaeilge sna naíonraí. Tagraíodh do na gníomhaíochtaí a bhíonn ar bun ag Foras na Gaeilge i réimse an ghnó, agus dearbhaíodh go bhfuil plé ar bun faoi na gníomhaíochtaí sin ar fad a chomhordú le hobair Ghlór na nGael sa réimse.

Iarradh ar an bhFeidhmeannas pleannanna oibre i réimse na foclóireachta a roinnt leis an mBord mar eolas do na Comhaltaí nuacheaptha go háirithe.

Glacadh leis na moltaí maidir le tosaíochtaí caiteachais.

D'fhág S. Ní Chéide an cruinniú ag an bpointe seo.

11.187 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

12.187 AON GHNÓ EILE

Fiosraíodh an bhfuil sé i gceist go gcuirfidh Foras na Gaeilge aighneacht isteach ar an gcomhairliúchán poiblí de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar shiollabas ardteiste na Gaeilge, agus dhearbhaigh an Leas-Phríomhfheidhmeannach go gcuirfeadh. Chuir roinnt Comhaltaí in iúl go bhfuil aighneachtaí á n-ullmhú ag grúpaí a bhfuil siad bainteach leo, agus cuireadh fáilte rompu dul i dteagmháil leis an Leas-Phríomhfheidhmeannach ar an ábhar. Fiosraíodh an féidir leis an bhForas tacú lena bhfuil iarrtha ag roinnt grúpaí i dtaca le spriocdháta an chomhairliúcháin a chur siar.

Tagraíodh do dheacrachtaí atá ann maidir le socrúcháin Ghaeltachta mar chuid d'oiliúint tosaigh ar bhunmhúinteoirí, agus fiosraíodh an féidir le Foras na Gaeilge an cheist a ardú. Cuireadh in iúl go bhfuil cruinniú lorgtha leis an Aire Oideachais, Norma Foley TD, chun an cheist sin agus ábhair eile a phlé.

Cuireadh in iúl go mbeidh Siompóisiam Foclóireachta ar líne á reáchtáil ag Foras na Gaeilge Dé Sathairn 27 Márta agus go scaipfear tuilleadh eolais faoin imeacht ar an mBord an tseachtain seo chugainn.

Barra Ó Muirí

Barra Ó Muirí
Leas-Chathaoirleach
23 Aibreán 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓						
Conor McGuinness	✓	✓	✓						
Maighréd Ní Chonghaile	✓	✓	✓						
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓						
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓						
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	X						
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓						
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓						
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓						
Liam Rushe	✓	✓	X						
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓						
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓						
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓						
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓						

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Miontuairiscí ón 188ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 23 Aibreán 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, M. Ní Chonghaile, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, L. Ní Riada, C. Mac Giolla Mhín, N. Ó Gallochobhair, agus L. Rushe.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), É. Ó hArgáin (Rúnaí), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Leithscéalta: Ní raibh aon leithscéalta ann.

FÁILTE ÓN LEAS-CHATHAOIRLEACH

Chuir an Leas-Chathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcrúinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Cuireadh in iúl gur cuireadh cruinniú den Chomhairle Aireachta Thuaidh/Theas (an CATT), a bhí beartaithe do dheireadh mhí an Mhárta, ar athló agus go bhfágann sin nach bhfuil ceapachán déanta ar Chathaoirleach agus Comhalta eile ar an mBord. Cuireadh in iúl gurb ionann cúigear Comhaltaí agus córam ag cruinnithe den Bhord faoi láthair dá bharr.

01.188 MIONTUAIRISCÍ

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird 12 Márta 2021.

02.188 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Thug An Stiúirthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta, J. Ó Labhraí tuairisc ghairid ó bhéal ar an Siompóisiam Foclóireachta a reáchtáladh 27 Márta ar líne. Cuireadh in iúl gur fhreastail 156 duine ó thíortha éagsúla timpeall an domhain ar an imeacht agus go mbeidh tuairisc níos iomláine ar fáil faoin imeacht agus tuairisc deiridh tionscadail ón rannóg foclóireachta á cur faoi bhráid an Bhoird i mí Iúil. Thug roinnt comhaltaí a bhí i láthair aige ardmholadh don Siompóisiam.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go bhfuil iarratas á dhéanamh faoi láthair páipéir a bhaineann leis an bhForas Teanga a chur le clár cruinnithe eile den CATT agus go bhféadfaí gnó práinneach Fhoras na Gaeilge a ghlanadh ag an gcrúinniú sin in ionad fanacht leis an gcéad chruinniú earnála eile den CATT a bheadh dírithe go sonrach ar chúrsaí teanga, ag brath ar thoil an Aire i gcathaoirleacht an chruinnithe.

Soiléiríodh nach bhfuil eolas maidir le hardú buiséid 2021 deimhnithe d'Fhoras na Gaeilge go fóill, agus go bhfuil sé ag feidhmiú ag leibhéal an bhuiséid a bhí aige in 2020 dá réir.

Iarradh nuashonrú faoin gcomhfhreagras le Cumann Chluain Ard agus cuireadh in iúl nach bhfuil freagra faighte ag Foras na Gaeilge go fóill chun cruinniú a shocrú.

Fiosraíodh an bhfuil ardú soláthair socraithe tríd an athdháileadh go fóill don Chiste Tionscadail agus cuireadh in iúl go bhfuil incháilitheacht na n-iarratas le meas i dtosach lena fháil amach an bhfuil an soláthar reatha dóthanach, ach go bhféadfaí cur leis an soláthar tríd an athdháileadh dá mba ghá. Cuireadh in iúl go bhfuarthas 19 iarratas faoin gCiste.

Iarradh nuashonrú faoin gcruinniú a lorgaíodh leis an Aire Oideachais Norma Foley TD faoi na socrúcháin Ghaeltachta do bhunmhúinteoirí faoi oiliúint, agus faoin gcumarsáid a rinne Foras na Gaeilge leis an Roinn Oideachais faoi dháta dúnta an chomhairliúcháin phoiblí faoin tsonraíocht don ardeist. Cuireadh in iúl nach bhfuil dáta cruinnithe socraithe go fóill leis an Aire Foley, ach go raibh plé ag an bhForas lena hoifigigh agus gur léirigh siad tuiscint ar na deacrachtaí. Cuireadh in iúl gur beag an seans go n-athróidh an Roinn dáta dúnta an chomhairliúcháin.

Thug an Bord cead don Leas-Chathaoirleach litir a scríobh chuig an Aire Foley thar cheann an Bhoird faoi na socrúcháin Ghaeltachta agus faoi chomhairliúchán an CNCM de bharr na práinne a bhaineann leis na cásanna.

03.188 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag na Comhaltaí seo a leanas:

- S. Ní Chéide i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta;
- B. Ó Muirí i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge agus lena comharba, an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge;
- C. McGuinness i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge agus lena comharba, an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge;
- Chuir M. Ní Chonghaile in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa aici i dtaca leis an Scéim Pobal Gaeilge reatha de bharr go bhfuil sí ar choiste stiúrtha ceann de na deontaithe reatha, ach dhiúltaigh sí baol coimhlint leasa a chlárú maidir leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge ar an mbonn nach bhfuil an scéim seolta go fóill. Chuir sí in iúl nach bhféadfadh sí an cruinniú nuair a bheadh an Scéim á plé níos déanaí sa chlár.

Pléadh an raon a bheadh ag baol coimhlint leasa i gcás scéim atá á forbairt, agus nach bhfuil cinneadh déanta i dtaobh na ndeontaithe dá bharr. Tarraingíodh aird an Bhoird ar an bhforáil ábhartha sa Pholasaí Coimhlint Leasa don Bhord a phléann leis an gceist áirithe sin, ina moltar do Chomhaltaí tarraingt siar ón bpróiseas plé agus cinnteoireachta i dtaca le scéimeanna atá á bhforbairt, má tá baol coimhlint leasa acu ina leith. Cuireadh in iúl go bhfuil an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge á forbairt chun feidhmiú mar chomharba ar an Scéim Pobal Gaeilge, agus go bhféadfaí glacadh leis go réasúnta go gcuirfidh deontaithe reatha Scéim Pobal Gaeilge isteach uirthi dá bharr.

Cuireadh in iúl go bhfuil oiliúnóir nua don Bhord ceaptha, go bhfuil cúlra aige mar abhcóide, agus go bhféadfaí iarraidh air comhairle a thabhairt don Bhord ar bhaol coimhlint leasa ag an gcéad seisiún oiliúna eile. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go bhféadfadh sé comhairle bhreise ó na Ranna a lorg i dtaca leis an gceist seo chomh maith dá mba ghá.

04.188 COVID-19

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Tá beagán athruithe le tuairisciú ón uair dheiridh a cuireadh tuairisc ar an ábhar seo i láthair an Bhoird;
- Tá súil go bhfógróidh an Rialtas ó dheas a bplean don Samhradh maidir le maolú na dianghlasála an tseachtain seo chugainn;
- Tá súil go n-athróidh stádas na dianghlasála ó thuaidh rud beag níos sciobtha, agus gur féidir oifig Bhéal Feirste a oscailt dá réir sin nuair is ceadmhach; agus
- Beidh nuashonrú níos suntasaí le tabhairt ar an ábhar seo don Bhord faoin gcéad Chruinniú Boird eile.

05.188 RÚN MOLTA ÓN GCOMHALTA K. Ó hEADHRA

Chuir K. Ó hEadhra an rún molta seo a leanas faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith.

In aon ghlaoch ar thairiscintí le seirbhísí gairmiúla rialta/leanúnacha a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge, beidh an cumas chun seirbhísí a sheachadadh trí mheán na Gaeilge mar chritéir riachtanach.

Más gá soláthraí a fhostú nach féidir an choinníoll seo a shásamh, ba cheart an Bord a chur ar an eolas.

Tacaíodh d'aon ghuth le spiorad an rúin, agus aontaíodh go bpléifeadh an Coiste Iniúchta an rún leis an bhfoclaíocht a bheachtú agus le saincheisteanna soláthair a phlé ina chomhthéacs.

06.188 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas don airgead a athdháileadh le linn na bliana go dáta.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

07.188 PRÓTACAL CUMARSÁIDE IDIR AN BORD AGUS NA MEÁIN

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha dréacht de pholasaí cumarsáide Fhoras na Gaeilge faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl go bhfuil an prótacal sa pholasaí a bhaineann leis an mBord ag freagairt do Chód Iompair an Bhoird, agus go nglanfar an polasaí iomlán leis an gCoiste Iniúchta níos déanaí sa bhliain.

Glacadh leis an bprótacal cumarsáide don Bhord.

08.188 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

a) Coiste na nDeontas

Rinne Cathaoirleach an Choiste cur síos ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas ar an 09 Aibreán 2021.

Moladh faoin gCiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta

Cheadaigh an Bord maoiniú de luach £73,000.00 do Náiscoil na Seolta (2101006) thar an tréimhse Meitheamh 2021-Meitheamh 2023 chun costais bhunaithe na náiscoile a chlúdach.

Bhí plé ann faoin gCiste Infheistíochta do Bhunú Soláthair Réamhscolaíochta. Soiléiríodh gur scéim leanúnach í, go bhfuil na próisis mheasúnaithe mar a bhíonn i gcás scéimeanna eile, go gcuirtear eolas faoin gCiste ar fáil go poiblí ar shuíomh Fhoras na Gaeilge, agus nach mbíonn ach iarratais a bhfuil tacaíocht acu ó na heagraíochtaí cuí réamhscolaíochta agus gaeloideachais incháilithe faoin gciste. Soiléiríodh gur costais bhunaithe an tsoláthair réamhscolaíochta amháin a bhíonn san áireamh, agus nach mbíonn ceangaltais níos faide ná dhá bhliain i gceist dá bharr sin. Cuireadh in iúl go bhfuil soláthar buiséid ar luach suas go €150,000 ag an gCiste gach bliain, lena n-áirítear ceangaltais ó na blianta roimhe, agus gur minic gur iarratas amháin in aghaidh na bliana a ghlactar dá bharr.

Scéim na gCampáí Samhraidh 2021

Cheadaigh an Bord maoiniú ar luach €83,654.00 agus £50,160.00 do 65 deontaí faoi Scéim na gCampáí Samhraidh 2021 (**Aguisín 1**).

Nóta eolais maidir le Cúram Leanaí na Fuiseoige

Tugadh suntas do shíneadh ama go Nollaig 2021 a cheadaigh an Príomhfheidhmeannach do Chúram Leanaí na Fuiseoige.

Scéim na Foilsitheoireachta 2021

Cheadaigh an Bord ardú maoinithe de luach €6,500.00 do Chomhar faoi Scéim na Foilsitheoireachta 2021 chun forbairt a dhéanamh ar an tionscadal CLÓ – Cló Léann na Gaeilge.

Glaoch 2 de Scéim na bhFéilte 2021

Cheadaigh an Bord maoiniú ar luach €45,660.00 agus £16,800.00 do 26 deontaí faoi Ghlaoch 2 de Scéim na bhFéilte 2021 (**Aguisín 2**).

Ghlac an Bord leis an moladh go bhfáilteofaí roimh iarratais ar Scéim na bhFéilte ina dhá nglaoch in aghaidh na bliana feasta.

Scéim Cholmcille

Cheadaigh an Bord maoiniú de luach €2,700.00 do Chló Iar-Chonnacht (CC21003) faoi Scéim Deontas Cholmcille.

Leasuithe Buiséid

Tugadh suntas do leasú buiséid 2021 a cheadaigh an Príomhfheidhmeannach do Chonradh na Gaeilge.

Scéim na gCompántas Drámaíochta 2021

D'fhág S. Ní Chéide an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa agus thug an Leas-Chathaoirleach tuairisc don Bhord ar na moltaí faoin scéim seo.

Cheadaigh an Bord an maoiniú seo a leanas faoi Scéim na gCompántas Drámaíochta:

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Méid Iarrtha	Méid Molta
2101002.02	Aisling Ghéar	£30,000.00	£27,500.00
2101002.09	Fíbin Teo	€40,000.00	€36,500.00
2101002.12	High Rock Productions Ltd	€50,000.00	€45,500.00
2101002.10	Graffiti Theatre Company	€15,631.00	€14,500.00
2101002.07	Branar	€25,000.00	€21,500.00
2101002.11	Guthanna Binne Síoraí	€12,000.00	€10,500.00
2101002.01	Ababú	£15,880.00	£13,500.00
2101002.06	Axis	€10,000.00	€8,500.00
2101002.14	Mumbro Top	€28,500.00	€25,000.00
Iomlán molta		€162,000.00	£41,000.00

D’fhill S. Ní Chéide ar láthair an chruinnithe.

b) An Coiste Forbartha

Rinne Cathaoirleach an Choiste Forbartha cur síos ar na nithe a pléadh ag an gcuinniú den Choiste Forbartha 13 Aibreán 2021 agus ag an gcuinniú aonmhíre den Choiste 22 Aibreán 2021.

An Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta

Tuairiscíodh go raibh díomá ar an gCoiste agus ar an bhFeidhmeannas faoin easpa dul chun cinn sa luacháil de bharr gan comhlacht ar bith a bheith ar fáil le tabhairt fúithi go dtí seo, agus gur socraíodh cruinniú aonmhíre chun iarracht a dhéanamh teacht ar bhealaí eile le tabhairt faoin luacháil. Tuairiscíodh go ndéanfar iarracht taighdeoirí éagsúla a fhóstu leis na bearnaí a líonadh go comhthreomhar ar mhaithe leis an bpróiseas luachála a bhrostú. Thug Cathaoirleach an Choiste aitheantas don fheidhmeannas as a gcuid iarrachtaí teacht ar thaighdeoirí le tabhairt faoi na gnéithe éagsúla den luacháil.

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

D’fhág W. Majekodunmi an cruinniú ag an bpointe seo.

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlínt leasa ag roinnt Comhaltaí i dtaca leis an mír seo, agus de réir an pholasaí coimhlínt leasa nár chóir dóibh a bheith páirteach sa phlé. Tar éis plé ar an gceist, rialaigh an Leas-Chathaoirleach gurb ann do Bhaol Coimhlínt Leasa i leith roinnt comhaltaí. Dhiúltaigh M. Ní Chonghaile imeacht ón gcuinniú, agus chinn an Leas-Chathaoirleach an mhír seo a chur siar go dtí an chéad Chruinniú Boird eile, ar an gcoinníoll go mbeadh seisiún oiliúna leis an oiliúnóir roimh an gcuinniú sin, agus comhairle tugtha ag an oiliúnóir i leith na ceiste. Dearbhíodh go rachadh an feidhmeannas i dteagmháil leis an mBord chun dáta an tseisiúin oiliúna a shocrú. Cuireadh in iúl go bhféadfaí Cruinniú Boird breise a shocrú i mí na Bealtaine sa chás go gceapfaí Cathaoirleach, agus go bpléifí an mhír seo ag an gcuinniú sin. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go lorgódh sé comhairle ó na Ranna i dtaca leis an mbaol coimhlínt leasa áirithe seo chomh maith.

c) An Coiste Iniúchta

Rinne Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cur síos ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste ar an 29 Márta 2021. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Glacadh le dréacht de Chuntais 2020, a leagadh leis an Ard-Reachtair Cuntais & Ciste ag deireadh mhí an Mhárta;
- ii. Pléadh an Clár Rioscaí, atá faoi bhráid an Bhoird inniu, agus
- iii. Chuir an tIniúcháir Inmheánach dhá thuairisc i láthair an Choiste.

Ghlac an Bord leis an gClár Rioscaí agus leis an Ráiteas i leith Socruithe Inmheánacha Airgeadais, ar leathanach é ón dréacht de Chuntais 2020.

D'fhág N. Ó Gallochobhair agus L. Rushe an cruinniú ag an bpointe seo.

09.188 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 MÁRTA 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais amhail 31 Márta 2021 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Thug na Ranna Urraíochta cead d'Fhoras na Gaeilge na fuílligh bhainc ag deireadh 2020 a chur san áireamh i soláthar 2021; agus
- ii. Is ionann caiteachas Fhoras na Gaeilge faoi dheireadh Ráithe 1 agus nach mór 20% de bhuiséad iomlán Fhoras na Gaeilge don bhliain, rud atá cothrom le patrúin chaiteachais i mblianta roimhe seo.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

10.188 CUNTAIS INIÚCHTA AN FHORAIS TEANGA 2019

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha Cuntais Iniúchta an Fhorais Teanga 2019 i láthair an Bhoird. Meabhraíodh don Bhord gur faomhadh dréachtchuntais Fhoras na Gaeilge in 2020, agus gur bhain na cuntais seo le Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga (Cuntais Fhoras na Gaeilge agus Ghníomhaireacht na hUltaise). Cuireadh in iúl gur beag leasú a rinneadh ar na Cuntais le linn an phróisis iniúchta, agus gur leasuithe sa téacs a bhí iontu go príomha, go háirithe sa nóta faoi chúrsaí pinsin.

Dearbhaíodh go n-ullmhaítear Cuntais Fhoras na Gaeilge i nGaeilge agus i mBéarla, agus gur leagan Béarla de na Cuntais Chomhdhlúite a chuirtear faoi bhráid an chruinnithe Boird den Fhoras Teanga, leis an obair le foireann Ghníomhaireacht na hUltaise agus an Ard-Reachtair a éascú. Soiléiríodh go bhfoilsítear na Cuntais go dátheangach mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil. Fiosraíodh an féidir leagan Gaeilge de Chuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga a bheith ar fáil don Chruinniú Boird den Fhoras Teanga feasta agus do Chruinniú Boird Fhoras na Gaeilge, agus dhearbhaigh an feidhmeannas go ndéanfadh siad a ndícheall leis sin a chinntiú mar chur chuige.

11.188 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras le tuairisciú.

12.188 AON GHNÓ EILE

Thug K. Ó hEadhra ardmholadh d'fhoireann Fhoras na Gaeilge a bhí ag plé le cruinniú pleanála teanga sa Chlochán as caighdeán an chruinnithe.

Pléadh soláthar neamhúdairithe na tuairisce maidir le struchtúir inmheánacha oibre Fhoras na Gaeilge do na meáin. Chuir an Feidhmeannas a dtuairim in iúl gur faoi struchtúir inmheánacha oibre Fhoras na Gaeilge a bhí moltaí na an tuairisce. D'iarr an Bord eolas breise faoin méid a bhí sa tuairisc. maidir le scéimeanna a tharmligean leis na Ceanneagraíochtaí. Dearbhaíodh go mbeidh an Bord páirteach sa phlé agus go lorgófaí ionchur an Bhoird de réir mar ba chuí le haghaidh cinntí ábhartha. Fiosraíodh cén fáth gur i mBéarla a bhí na moltaí, agus míníodh gur cáipéis a bhí ann a d'úsáid an sainchomhairleoir a bhí ann lena mholtaí a chur i láthair na foirne, agus nach raibh Gaeilge ag an sainchomhairleoir.

Tagraíodh do roinnt drochscéalta don Ghaeilge a bhí sna meáin le déanaí, lena n-áirítear ainmniú an eastáit tithíochta i gcontae Chiarraí, na deacrachtaí a bhí ag clann éileamh saoránachta a phróiseáil trí Ghaeilge, agus an easpa rogha Gaeilge sa phróiseas clárúcháin do vacsaín Covid-19. D'iarr an Bord go scríobhfadh an Leas-Chathaoirleach litreacha chuig na húdaráis chuí thar cheann an Bhoird. Aontaíodh chomh maith gur chóir cur chuige seasmhach a fhiosrú go mbeidh Foras na Gaeilge in ann gníomhú ar scéalta den chineál sin, agus cuireadh in iúl go bhféadfadh a leithéid de chur chuige íomhá Fhoras na Gaeilge a neartú i measc an phobail.

Thréaslaigh an Leas-Chathaoirleach leis an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha, Éamonn Ó hArgáin, atá ag dul ar luathscor an tseachtain seo chugainn. Ghabh an Bord agus an Príomhfheidhmeannach comhghairdeas agus buíochas le hÉamonn as an méid atá bainte amach aige le linn a 41 bliain seirbhíse le Foras na Gaeilge agus le Bord na Gaeilge roimhe sin. Guíodh gach rath air ina chuid tionscadal saoil amach anseo.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
11 Meitheamh 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓					
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓					
Maighréd Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓					
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓					
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓					
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	X	✓					
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓					
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓					
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓					
Liam Rushe	✓	✓	X	✓					
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓					
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓					
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓					
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓					

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Aguisín 1: Deontais ceadaithe faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2021

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Méid Molta
2101005.01	Ag Tógáil Clainne le Gaeilge	£ 1,750.00
2101005.02	An Cumann Gaelach, Muineachán	€ 1,740.00
2101005.03	An Gaeláras LTD	£ 1,750.00
2101005.04	Cairde Bhunscoil an Traonaigh	£ 1,750.00
2101005.05	Cairde Uí Néill	£ 1,750.00
2101005.06	Cairdeas, Kilmovee family Resource Centre	€ 2,466.00
2101005.07	Campa Chormaic	£ 1,750.00
2101005.08	Campa Chormaic an Bhreantair	£ 1,750.00
2101005.09	Campa Gaeilge Chorcaí	€ 1,450.00
2101005.10	Campa Gael	€ 2,500.00
2101005.11	Club Óige Luraigh	£ 1,750.00
2101005.12	Club Óige Setanta	£ 1,750.00
2101005.13	Cois Laoi Productions	€ 2,500.00
2101005.14	Coiste Champa Chormaic	£ 1,750.00
2101005.15	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£ 1,750.00
2101005.16	Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne	£ 1,750.00
2101005.17	Coláiste Bhlinne	£ 1,750.00
2101005.18	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	£ 1,750.00
2101005.19	Conradh na Gaeilge Gaillimh	€ 2,500.00
2101005.20	Croí Éanna	£ 1,750.00
2101005.21	Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich	£ 1,750.00
2101005.22	Cumann Gaelach Leath Chathail	£ 1,750.00
2101005.23	Cumann Óige Átha an Rí	€ 2,500.00
2101005.24	Cumann Óige Uachtar Chluanaí	£ 1,750.00
2101005.25	Feachtas Óg-Ghluaiseacht Gaeilge	€ 2,500.00
2101005.26	Gaeilge le Chéile	€ 2,500.00
2101005.27	Gaeilge Locha Riach	€ 2,500.00
2101005.28	Gaelcholáiste Mhic Shuibhne	€ 2,315.00
2101005.29	Gaelscoil Áine	€ 2,500.00
2101005.30	Glór An Ghleanna (Cumann Óige an Ghleanna)	£ 1,750.00
2101005.31	Glór Dhún Geimhin	£ 1,750.00
2101005.32	Glór Mhachaire Fíolta	£ 1,750.00
2101005.33	Glór na Móna	£ 1,750.00
2101005.34	Glór Uachtar Tíre	£ 1,750.00
2101005.35	Greencastle Youth Club	£ 1,750.00
2101005.36	Ionad Uíbh Eachach	£ 1,750.00
2101005.37	Kileen National School	€ 2,500.00
2101005.38	M.C.P, Baile na nGallóglach	€ 2,450.00
2101005.39	Na Gaeil Óga C.L.G.	€ 2,500.00
2101005.4	Na Sáirséalaigh Leamhcáin	€ 2,316.00
2101005.41	Naíonra an tSléibhe Dhuibh	£ 1,750.00

2101005.42	Naíonra Léim an Bhradáin	€ 2,215.00
2101005.43	Naíscoil na Fíobha	£ 1,160.00
2101005.44	Naomh Padraig Coilleach Eanach	£ 1,750.00
2101005.45	Ógras na hÓmaí	£ 1,750.00
2101005.46	Pobal ar a'n Iúl	£ 1,750.00
2101005.47	Raidió Rí-Rá	€ 1,432.00
2101009.01	Ógras Nás na Ríogh	€ 1,950.00
2101009.02	Campa Ógras Marino	€ 2,155.00
2101009.03	Campa Ógras Léim an Bhradáin	€ 2,000.00
2101009.04	Campa Ógras Baile na Manach	€ 2,090.00
2101009.05	Campa Ógras Bhaile Uí Thaidhg	€ 2,305.00
2101009.06	Campa Ógras Bhaile an Mhuileann	€ 2,305.00
2101009.07	Campa Ógras Thrá Lí	€ 2,260.00
2101009.08	Campa Ógras Mhic Amhlaidh	€ 2,205.00
2101007.01	Campa Samhraidh 1 – An Muileann gCearr	€ 2,500.00
2101007.03	Campa Samhraidh 1 – Baile Átha Luain	€ 2,500.00
2101007.05	Campa Samhraidh – Baile Brigín	€ 2,500.00
2101007.06	Campa Samhraidh 1 – Baile Locha Riach	€ 2,500.00
2101007.08	Campa Samhraidh 1 – Cabhán	€ 2,500.00
2101007.10	Campa Samhraidh 1 – Caisleán Cnucha	€ 2,500.00
2101007.12	Campa Samhraidh 1 – Ceatharlach	€ 2,500.00
2101007.14	Campa Samhraidh 1 – Guaire	€ 2,500.00
2101007.16	Campa Samhraidh 1 – Rath Maoinis	€ 2,500.00
2101007.18	Campa Samhraidh 1 – Uarán Mór	€ 2,500.00
Iomlán molta		€83,654.00 agus £50,160.00

Aguisín 2: Deontais ceadaithe faoi ghlaoch 2 de Scéim na bhFéilte 2021

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Méid Iarrtha	Méid Molta
2101008.07	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£3,500.00	£2,400.00
2101008.14	Féile Traidphicnic	€4,519.00	€3,000.00
2101008.02	Áras Éanna	€5,000.00	€3,500.00
2101008.08	Cumann Forbartha Chois Fharrage	€5,000.00	€3,500.00
2101008.11	Féile Liteartha Corca Dhuibhne	€5,000.00	€3,500.00
2101008.01	An tSean Bheairic	€4,307.00	€3,000.00
2101008.20	Glór Uachtar Tíre	£3,500.00	£2,400.00
2101008.34	University of Limerick	€5,000.00	€3,500.00
2101008.13	Féile Scéalaíochta na Glaise	€3,960.00	€2,700.00
2101008.18	Glór Dhún Geimhin	£3,500.00	£2,400.00
2101008.03	Baboró International Arts Festival For Children	€5,000.00	€3,500.00
2101008.04	Cairde Dhroim nDamh	£2,500.00	£1,700.00
2101008.28	Ollscoil Uladh	£3,500.00	£2,400.00
2101008.16	Gaeilge Locha Riach	€3,100.00	€1,700.00
2101008.33	The Gap Arts Festival	€3,000.00	€1,800.00
2101008.05	Cashel Arts Festival	€5,000.00	€3,000.00
2101008.09	Cumann Liam agus Thomáis	€1,100.00	€660.00
2101008.10	Féile Bhaile an Tóchair	€2,625.00	€1,500.00
2101008.24	Ionad Uíbh Eachach	£2,600.00	£1,500.00
2101008.30	Scoil Acla	€5,000.00	€3,000.00
2101008.06	Clifden Arts Festival	€3,000.00	€1,800.00
2101008.15	Forbairt Dhún Lúiche/ Coiste Ionad Pobail Dhún Lúiche	€5,000.00	€3,000.00
2101008.17	Galway Film Fleadh	€5,000.00	€3,000.00
2101008.19	Glór Léim an Mhadaidh	£3,500.00	£2,000.00
2101008.29	Pobal ar a'n Iúl	£3,500.00	£2,000.00
Iomlán Molta		€45,660.00	£16,800.00

Miontuairiscí ón 189ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 11 Meitheamh 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), B. Ó Muirí (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, C. McGuinness, S. Ní Chéide, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, N. Ó Gallochobhair, L. Rushe, agus F. Nic Giolla Chatháin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Leithscéalta: L. Ní Riada agus M. Ní Chonghaile.

ROIMH AN gCRUINNIÚ: OSRADHARC AR STRUCHTÚIR AGUS OBAIR FHORAS NA GAELIGE

Rinne an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais, E. Ní Chorráin, cur i láthair ar mhór-réimsí oibre Fhoras na Gaeilge don Chathaoirleach nuacheaptha, R. Uí Chollatáin, agus don Chomhalta nuacheaptha, F. Nic Giolla Chatháin. D'fhreastail na Comhaltaí N. Ní Chiaráin agus B. Ó Muirí ag an gcur i láthair seo chomh maith.

Dearbhaíodh go roinnfí cóip den chur i láthair leis na Comhaltaí i ndiaidh an chruinnithe.

01.189 FÁILTE ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS CUR IN AITHNE AG COMHALTAÍ

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcrúinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socrú breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe le linn na héigeandála. Ghabh sí a buíochas chomh maith le foireann Fhoras na Gaeilge as an bhfáiltiú agus an tacaíocht a thug siad di le mí anuas agus í a tosú amach mar Chathaoirleach.

Cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí nuacheaptha: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), agus F. Nic Giolla Chatháin. Chuir gach duine, idir Chomhaltaí Boird agus fhoireann an Fheidhmeannais, iad féin in aithne.

Rinne an Cathaoirleach aitheasc tosaigh inar threisigh sí an tábhacht a bhaineann le cinntí a dhéanamh ar son leas na Gaeilge, leas Fhoras na Gaeilge, agus ní ar son leasanna aonair. Threisigh sí a thábhachtaí a bhí sé go bhfágfadh comhaltaí aonair, í féin san áireamh, a spéiseanna aonair féin taobh amuigh den doras. Thug sí suntas dó go bhfuil tréimhsí comhaltais na gComhaltaí B. Ó Muirí agus C. McGuinness ag teacht chun deiridh idir an cruinniú seo agus an chéad Chruinniú Boird eile, agus ghabh sí comhghairdeas agus buíochas leo beirt as a bhfuil bainte amach acu le linn a dtréimhsí ar an mBord.

Cuireadh in iúl go bhfuil gnóthaí le plé ag an gCathaoirleach faoi Aon Ghnó Eile gan an Feidhmeannas i láthair agus d'iarr sí go bhfanfadh Comhaltaí i láthair an chruinnithe don mhír sin.

02.189 MIONTUAIRISCÍ

Tagraíodh don line ‘*Soiléiríodh gur faoi struchtúir inmheánacha oibre Fhoras na Gaeilge a bhí moltaí na tuairisce.*’ faoin mír Aon Ghnó Eile agus moladh ‘*Chuir an Feidhmeannas a dtuairim in iúl gur faoi struchtúir inmheánacha oibre Fhoras na Gaeilge a bhí moltaí na tuairisce*’ a chur ina áit.

Glacadh le miontuairiscí an Chruinnithe Boird 23 Aibreán 2021 agus an moladh thuas curtha san áireamh.

03.189 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Iarradh nuashonrú faoin gcomhfhreagras le Cumann Chluain Ard (CCA) agus cuireadh in iúl nach bhfuil freagra faighte ag Foras na Gaeilge go fóill ó CCA chun cruinniú a shocrú. Moladh go scríobhfaí chuig CCA in athuair chun cruinniú a shocrú.

04.189 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag na Comhaltaí seo a leanas:

- S. Ní Chéide i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta;
- M. Ní Neachtain i dtaca le Scéim na bhFéilte agus Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon;
- F. Nic Giolla Chatháin i dtaca le Scéim na bhFéilte;
- W. Majekodunmi i dtaca leis an Scéim Raidió Pobal agus Scéim Meantóireachta 2021;
- K. Ó hEadhra i dtaca leis Scéim Meantóireachta 2021;
- D. Mac Cárthaigh i dtaca leis an gCiste Tionscadail;
- B. Ó Muirí i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge; agus
- C. McGuinness i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.

05.189 COVID-19

Rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- vi. Níl mórán athruithe le tuairisciú ón uair dheiridh a cuireadh tuairisc ar an ábhar seo i láthair an Bhoird;
- vii. Táthar ag súil go gceadófaí cruinnithe faoi dhíon ón 5 Iúil ar aghaidh ó dheas;
- viii. Táthar ag súil go gceadófaí láithreacha oibre a athoscailt ó dheas i dtreo mhí Lúnasa;
- ix. Athosclófar na hoifigí ar bhonn céimithe nuair is ceadmhach;
- x. Tá beirt fhostaithe in oifig Bhéal Feirste faoi láthair ar bhonn lánaimseartha; agus
- xi. Tá an chosúlacht ar an scéal go mbeidh sé incheadaithe Cruinniú Boird mhí Iúil nó Cruinniú Boird mhí Mheán Fómhair a réachtáil ar an láthair.

06.189 RÚN MOLTA ÓN GCOMHALTA K. Ó HEADHRA

Rinne Cathaoirleach an Choiste Iniúchta tuairisc ar an bplé a rinne an Coiste ar an rún molta faoi chúrsaí soláthair, agus chuir sé leagan leasaithe den rún ón gCoiste faoi bhráid an Bhoird.

Treisíodh go bhfuil sé tábhachtach an Bord a chur ar an eolas faoi dheacrachtaí soláthróirí le Gaeilge a aimsiú ar eagla go mbeadh fios ag Comhaltaí faoi sholáthróirí a bheadh oiriúnach.

Glacadh leis an leagan leasaithe den rún.

07.189 TUAIRISC NA hARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas do na tionscadail a athdháileadh go dáta i mbliana. Cheadaigh an Bord an moladh €2,340 a chur ar fáil do Chomhar ón athdháileadh chun athnuachan a dhéanamh ar threalamh ríomhaireachta.

Tagraíodh do Chumann na nOifigeach Gaeilge, agus fiosraíodh an bhfuil Oifig Phleanála Teanga cláraithe leis an gCumann. Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur shíl sé nach mbeadh cosc orthu clárú leis an gCumann ach nárbh fhios dó an raibh aon Oifigeach Pleanála Teanga ina bhall den Chumann. Fiosraíodh an féidir a mholadh don Chumann cuireadh a thabhairt do na hOifigigh Phleanála Teanga páirt a ghlacadh sa Chumann.

Fiosraíodh cén caidreamh atá ag Foras na Gaeilge le Cumann na nOifigeach Gaeilge agus an féidir stocaireacht a dhéanamh leis na Comhairlí Contae maidir le folúntais mar Oifigigh Ghaeilge a chomhlíonadh. Cuireadh in iúl go gcuireann Foras na Gaeilge suim bheag airgid ar fáil don Chumann chun costais riartha cruinnithe agus costais oiliúna a chlúdach, agus gurb é an cleachtas a mholann Foras na Gaeilge do na Comhairlí Contae ná gur chóir go mbeadh ar a laghad Oifigeach Gaeilge amháin i ngach Comhairle, ag cur san áireamh go bhfuil trí Oifigeach i gComhairle Contae Dhún na nGall.

Iarradh nuashonrú faoin gcomórtas earcaíochta don Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus cuireadh in iúl go mbeidh agallaimh á réachtáil an tseachtain dar tús an 21ú Meitheamh.

08.189 CEAD A THARMLIGEAN DON CHATHAOIRLEACH AGUS DON PHRÍOMHFHEIDHMEANNACH MAIDIR LE CAITEACHAS BREISE AR AN LUACHÁIL AR AN gCUR CHUIGE COMPHÁIRTÍOCHTA

Rinne Cathaoirleach an Choiste Forbartha tuairisc ghairid ar an bplé a rinne an Coiste ar dhul chun cinn na luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta. Tuairiscíodh go bhfuil deacrachtaí ann teacht ar chomhlachtaí chun an luacháil a chur i gcrích, agus moladh go dtabharfadh an Bord cead don Chathaoirleach agus don Phríomhfheidhmeannach caiteachas a bhainfeadh leis an luacháil a cheadú agus faomhadh siarghabhálach an Bhoird a lorg air ag an gcéad Chruinniú Boird eile ina dhiaidh sin, ionas nach mbeidh gá fanacht go dtí an chéad Chruinniú Boird eile sula gcuirfear tús le hobair na luachála. Dearbhaíodh go gceadaítear an cur chuige seo i Mír 3 den Scéim Tarmligin.

Glacadh leis an moladh.

09.189 ARDÚ AR BHUISÉAD BONNLÍNE 2021 AGUS BUISÉAD 2022 AR AGHAIDH

Cuireadh in iúl gur fógraíodh ardú ar an mbuiséad bonnlíne ar luach €1.7m d'Fhoras na Gaeilge do na blianta 2022 ar aghaidh, agus gur ceadáíodh €1.3m do bhuiséad 2021 pro rata.

Cuireadh moltaí maidir le tosaíochtaí buiséid 2021, agus 2022 ar aghaidh, agus leagan leasaithe de Phlean Gnó 2021 faoi bhráid an Bhoird le faomhadh. Cuireadh in iúl go bhfuil sé i gceist an leagan leasaithe den Phlean Gnó a chur faoi bhráid cruinniú den CATT atá sceidealaithe don 18 Meitheamh.

2021

Cuireadh moltaí buiséid agus Plean Gnó leasaithe 2021 faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith. Cuireadh in iúl gur moltaí maidir le soláthar buiséid iad agus go mbeadh an caiteachas le húdarú go fóill ar an ngnáthdhóigh. Tuairiscíodh gurb iad na réimsí is mó soláthar ná an tionscadal boscaí leabhar i gcomhpháirt le Leabhair Pháistí Éireann, agus an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta.

Chuir roinnt comhaltaí inní in iúl maidir leis an soláthar molta don luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta. Soiléiríodh gur iarracht a bhí ann freagairt don inní a bhí léirithe ag roinnt Comhaltaí Boird maidir le héifeachtacht an Chur Chuige Comhpháirtíochta, agus lena cinntiú go mbeadh luacháil iomlán déanta. Míníodh go bhfuil an soláthar bunaithe ar shraith de bhearta éagsúla taighde a bhfuil a meastacháin pléite ag an gCoiste Forbartha. Shoiléirigh Cathaoirleach an Choiste Forbartha chomh maith go bhfuil níos mó ná €30,000,000 caite ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta thar tréimhse 5 bliana ó bunaíodh é, go mbeadh caiteachas ag an leibhéal céanna sin ann sna 5 bliana atá amach romhainn, agus i gcomhthéacs infheistíocht de €60m, go bhfuil an soláthar seo réasúnta. Fiosraíodh arbh fhéidir an ghairm ar tairiscintí a fhógairt ar bhealach a chinnteodh nach comhlachtaí móra amháin a chuirfeadh isteach air. Fiosraíodh an bhfuil athbhreithnithe inmheánacha déanta ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta cheana agus dearbhaíodh go ndéantar measúnuithe bliantúla ar iarratais mhaoinithe na gCeanneagraíochtaí chomh maith le hiniúchadh inmheánach ar a gcomhaid deontais gach bliain.

Fiosraíodh cad iad na scoileanna le haghaidh an tionscadail Bosca Leabhar agus cuireadh in iúl go bhfuil sé i gceist an bosca leabhar Gaeilge a chur ar fáil do gach scoil ó dheas agus do na gaelscoileanna ó thuaidh. Dearbhaíodh go gcuirfí tuilleadh sonraí faoi bhráid an Bhoird faoin tionscadal.

Pléadh an t-ardú molta sa soláthar €220,000 do dheontaithe reatha na Scéime Pobal Gaeilge agus cuireadh in iúl gur €10k an deontaí atá i gceist leis an soláthar seo do 2021. Aithníodh go raibh sé iontach dúshlánach teacht ar fhoinsí maoinithe le bliain anuas agus go raibh maoiniú breise de dhíth ar na grúpaí reatha. Tagraíodh don fheachtas €55k a thabhairt do gach deontaí faoin Scéim Pobal Gaeilge ó 2022 ar aghaidh agus soiléiríodh go mbaineann an t-éileamh sin le comharba na scéime, an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.

Glacadh leis an mbuiséad molta do 2021 agus leis an leagan leasaithe de Phlean Gnó 2021.

2022

D'fhág M. Ní Neachtain, B. Ó Muirí, C. McGuinness, W. Majekodunmi, F. Nic Giolla Chatháin, agus S. Ní Chéide an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Cuireadh an soláthar molta buiséid do na blianta 2022 ar aghaidh faoi bhráid an Bhoird agus treisíodh an pointe arís gur soláthar atá sna moltaí seachas moltaí maidir le híocaíochtaí.

Rinneadh plé fada bríomhar ar an soláthar molta don Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, inar léiríodh tuairimí éagsúla. Fiosraíodh an bhfuil an soláthar ag teacht leis an éileamh go dtabharfaí €55k do gach deontáí faoin scéim. Cuireadh in iúl go bhfuil an soláthar molta seo don Scéim bunaithe ar mheastachán go mbeidh suas le 32 deontáí faoin scéim agus go ndéanfaí iad a mhaoiniú thar trí bhanda mhaoinithe: 28 deontáí san iomlán idir an ard- agus an meánchéim ag €47k in aghaidh na bliana, agus 4 deontáí sa bhunchéim ag €15k in aghaidh na bliana. Soiléiríodh gur ríomhadh an soláthar seo bunaithe ar eolas faoi na deontaithe reatha faoin Scéim Pobal Gaeilge, agus go gclúdaíonn sé costais tuarastail ag leibhéal Oifigeach Feidhmiúcháin ó dheas agus a chomhionann ó thuaidh, mar aon le costais reatha. Cuireadh in iúl go mbeidh deontaithe na scéime in ann cur isteach ar scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge chomh maith, rud a chuirfeadh leis an maoiniú a bheidh ar fáil acu gach bliain agus a bheadh ag teacht le haidhmeanna straitéiseacha Fhoras na Gaeilge. D'iarr K. Ó hEadhra vóta a ghairm ar an soláthar don Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

Chinn an Cathaoirleach an mhír seo a chur siar go dtí an chéad chruinniú eile de bharr fhad an phlé ina leith, agus d'iarr sí briseadh síos níos mionsonraithe faoi don chruinniú sin.

D'fhill gach duine ar láthair an chruinnithe agus glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.

Ghabh D. Ó Brolcháin, W. Majekodunmi, agus N. Ó Gallochobhair a leithscéal nach bhféadfadh siad fanacht don dara leath den chruinniú ar an ábhar go raibh an cruinniú i bhfad níos faide ná a bhí beartaithe, agus d'fhág siad an cruinniú.

10.189 TUAIRISC Ó CHOISTÍ FHORAS NA GAEILGE

a) Coiste na nDeontas

Rinne Cathaoirleach an Choiste cur síos ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas ar an 28 Bealtaine 2021.

Scéim na nImeachtaí Óige 2021-2022

D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €145,167.00 agus £97,880.00 a thabhairt do 63 imeacht óige. (**féach Aguisín 1**)

Scéim na gCampáí Samhraidh 2021

D'fhaomh an Bord maoiniú do na deontaithe seo a leanas sa bhreis ar na moltaí maoinithe faoin scéim seo a faomhadh ag an gcruinniú Boird 23 Aibreán.

Uimhir thagartha	Ainm an deontáí	Méid molta
2101005.48	Glór na Speiríní	£ 1,750.00
2101005.49	Campa na bhFál	£ 1,750.00
2101005.50	Campa Uí Dhochartaigh	£ 1,750.00

An Ciste Tionscadal

D'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa agus ghabh sé a leithscéal nach bhféadfadh sé fanacht don chuid eile den chruinniú.

D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach £5,010 a chur ar fáil do Ghlór Uachtar Tíre (uimhir thagartha: 2101015.11) faoin gCiste Tionscadal.

Soiléiríodh go bhfuil an moladh seo á chur faoi bhráid an Bhoird de bharr go bhfuil Glór Uachtar Tíre ag fáil maoiniú ar luach níos mó ná €50,000 i mbliana.

An Scéim Deontais Cholmcille

D’fhaomh an Bord maoiniú do na deontaithe seo a leanas:

Uimhir thagartha	Ainm an deontáí	Méid molta
CC21005	Glór na Speiríní	£7,000.00
CC21006	Glór Dhún Geimhin	£5,000.00
CC21007	Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair	€12,000.00

Scéim na nOifigeach Gaeilge

D’fhaomh an Bord síneadh 6 mhí do dheontaithe reatha na scéime seo agus scéim nua a fhógairt le tosú in 2022.

Athbhreithniú ar Scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge

Ghlac an Bord leis an bplean athbhreithnithe ar Scéimeanna Chlár na Leabhar Gaeilge.

An Scéim Mheantóireachta 2021

D’fhág K. Ó hEadhra an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

D’fhaomh an Bord maoiniú ar luach €81,350.00 a thabhairt do 20 scríbhneoir, 20 meantóir, agus comhordaitheoir amháin faoin Scéim (féach Aguisín 2).

D’fhill K. Ó hEadhra ar láthair an chruinnithe.

b) An Coiste Forbartha

Rinne Cathaoirleach an Choiste Forbartha cur síos ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha 03 Meitheamh 2021.

An Luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta

Tuairiscíodh go bhfuil roinnt dúshlán ann go fóill ó thaobh an dul chun cinn sa luacháil. Soiléiríodh go bhfuil 6 mhír i gceist leis an obair luachála, agus gur féidir gníomhú ar 4 cinn díobh go luath.

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge

D’fhág B. Ó Muirí agus C. McGuinness an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Cuireadh an dréacht den Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith. Ghlac an Bord le leagan amach na scéime agus rinneadh plé fada ar an gciste atá á mholadh leis an scéim.

Cliseadh ar an nasc Zoom agus tháinig R. Uí Chollatáin, K. Ó hEadhra, M. Ní Neachtain, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin agus foireann an Fheidhmeannais ar ais i láthair an chruinnithe. Dearbhaíodh córam de chúigear agus leanadh ar aghaidh leis an gcruinniú.

Fiosraíodh an féidir €55k a chur ar fáil do dheontaithe ag leibhéal na hard- agus na meánchéime agus cuireadh in iúl go mbeadh laghdú suntasach ar líon na ndeontaithe dá ndéanfaí sin, nó laghdú ar thosaíochtaí eile. Cuireadh in iúl go bhfuil an maoiniú €47k bunaithe ar an gcomhairliúchán poiblí a reáchtáladh faoin scéim, agus go mbeadh €4.5k sa bhreis ar an soláthar reatha faoin SPG ar fáil, rud a chuirfeadh ar a gcumas do ghrúpaí tuarastal 5 lá in aghaidh na seachtaine a íoc. Cuireadh in iúl chomh maith go mbeidh Scéim Ionaid Ghaeilge le tosú in 2022, agus go mbeidh deontaithe faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge in ann cur isteach ar an Scéim Ionaid Ghaeilge, agus ar scéimeanna eile de chuid Fhoras na Gaeilge, rud a d'fhágfadh soláthar bliantúil níos mó ná €55k acu.

Thug an Bord cead an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge a fhógairt de réir an leagain amach agus an tsoláthair mholta buiséid don scéim. Aontaíodh go ndéanfadh an Bord athbhreithniú ar an soláthar buiséid don scéim tráth a bheidh eolas faoi líon na n-iarratas san fhómhar, agus nuair a bheadh eolas ann faoi mheastacháin cháinainisnéise an Rialtais ó dheas. D'iarr K. Ó hEadhra agus C. Mac Giolla Mhín é a nótáil sna miontuairiscí nár aontaigh siad leis an soláthar don Scéim a cuireadh faoi bhráid an Bhoird.

c) An Coiste Iniúchta

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc scríofa an Chathaoirligh ar an gcrúinniú den Choiste Iniúchta ar an 17 Bealtaine i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Níl aon leasú curtha i bhfeidhm ar an gClár Rioscaí;
- ii. Ceapadh beirt bhall sheachtracha ar an gCoiste Iniúchta; agus
- iii. Ghlac an Coiste le leagan athbhreithnithe den Pholasaí Cumarsáide, atá le faomhadh ag an mBord inniu.

Ghlac an Bord leis an bPolasaí Cumarsáide.

11.189 PLEAN INFHEISTÍOCHTA D'EARNÁIL NA GAEILGE

Aontaíodh an mhír seo a chur siar go dtí an chéad Chruinniú Boird eile.

12.189 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 BEALTAINE 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

13.189 CUR I LÁTHAIR AR CHÚRSAÍ FOCLÓIREACHTA

Aontaíodh an mhír seo a chur siar go dtí an chéad Chruinniú Boird eile.

14.189 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon chomhfhreagras le tuairisciú.

15.189 AON GHNÓ EILE

D'fhill C. McGuinness ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Ghabh C. McGuinness a bhuíochas leis an bhFeidhmeannas as an méid atá bainte amach acu agus as an dóigh ar phléigh siad leis an mBord le linn a thréimhse féin mar Chomhalta.

Reáchtáladh seisiún gairid gan Feidhmeannas.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
30 Iúil 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Regina Uí Chollatáin		Ceaptha 05/05/2021			✓				
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓	✓				
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓	✓				
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓	X				
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓				
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓	✓				
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	✓	✓	✓				
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓				
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓	✓				
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓	✓				
Liam Rushe	✓	✓	✓	✓	✓				
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓	X				
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓	✓				
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓	✓				
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓	✓				
Freda Nic Giolla Chatháin		Ceaptha 05/05/2021			✓				

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Aguisín 1: Deontais ceadaithe faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021-2022

Uimhir Thagartha	Ainm an Eagrais	Méid Molta
2101010.01	Conradh na Gaeilge Boirche Íochtar	£3,500.00
2101010.02	An Gaeláras LTD	£3,490.00
2101010.03	An Grúpa Tuismitheoirí agus Tachráin	£3,500.00
2101010.04	Cairde Uí Néill	£3,500.00
2101010.05	Club na nÓg Buiríos Uí Chéin	€1,500.00
2101010.06	Club Óige Luraigh	£3,500.00
2101010.07	Club Óige Setanta	£3,500.00
2101010.08	Club Spraoi Ard Mhacha	£3,500.00
2101010.09	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£3,500.00
2101010.10	Cultúrlann McAdam Ó Fiaich	£3,500.00
2101010.11	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£3,500.00
2101010.12	Cumann Gaelach Leath Chathail	£3,500.00
2101010.13	Cumann na nEalaíona	£3,500.00
2101010.14	Cumann Óige Átha an Rí	€4,900.00
2101010.15	Cumann Óige na bhFál	£3,500.00
2101010.16	Cumann Óige Uachtar Chluanaí	£3,500.00
2101010.17	Cumann Óige Uí Dhochartaigh	£3,500.00
2101010.18	Education Authority (Coláiste Feirste)	£3,390.00
2101010.19	Feachtas	€4,500.00
2101010.20	Feachtas	€3,500.00
2101010.21	Gaelcholáiste Dhoire	£3,500.00
2101010.22	Glór An Ghleanna	£3,500.00
2101010.23	Glór Dhún Geimhin	£3,500.00
2101010.24	Glór Mhachaire Fíolta	£3,500.00
2101010.25	Glór na Móna	£3,500.00
2101010.26	Glór na Speiríní	£3,500.00
2101010.27	Glór Uachtar Tíre	£3,500.00
2101010.28	Greencastle Youth Club	£3,500.00
2101010.29	Líonra Leitir Ceanainn	€3,340.00
2101010.30	Naíscoil Bheanna Boirche	£3,500.00
2101010.31	Naíscoil na Caille	£3,500.00
2101010.32	Ógras na hÓmaí	€3,500.00
2101010.33	Spraoi agus Spórt Family Centre Ltd	€5,000.00
2101010.34	Spraoi le Gaeilge	£3,500.00
2101010.35	Young at Art	£3,500.00
2101011.01	Club Óg-Ógras an Chabháin	€3,110.00
2101011.02	Club Óg-Ógras Bhaile an Mhuilinn agus Club Thrá Lí	€4,075.00
2101011.03	Club Óg-Ógras Bhaile Uí Thaidhg & Club Lios Tuathail	€4,085.00
2101011.04	Club Óg-Ógras Chorcaí agus Club Phort Láirge	€4,075.00
2101011.05	Club Óg-Ógras Phailís Ghréine & Club na Bánóige	€4,080.00

2101011.06	Óg-Ógras Mhic Amhlaigh / Óg-Ógras Foghlaim le Chéile	€4,065.00
2101011.07	Ógras Léim an Bhradáin, Óg-Ógras Léim an Bhradáin & Óg-Ógras Thír Mocháin	€5,000.00
2101011.08	Ógras Marino & Ógras Baile Átha Cliath Theas	€4,696.00
2101011.09	Ógras Nás na Ríogh & Óg-Ógras Nás na Ríogh	€4,717.00
2101011.10	Ógras Oiriaila & Ógras Dún Dealgán	€4,650.00
2101012.01	Club Óige - An Cabhán	€4,809.00
2101012.02	Club Óige - An Longfort	€4,095.00
2101012.03	Club Óige - An Muileann gCearr	€4,725.00
2101012.04	Club Óige - An Uaimh	€4,305.00
2101012.05	Club Óige - Baile Átha an Rí	€4,305.00
2101012.06	Club Óige - Baile Átha Luain	€4,305.00
2101012.07	Club Óige - Baile Locha Riach	€4,305.00
2101012.08	Club Óige - Béal Easa	€3,690.00
2101012.09	Club Óige - Caisleán Cnucha	€4,095.00
2101012.10	Club Óige - Carn an Bhua	€4,515.00
2101012.11	Club Óige - Ceatharlach	€3,690.00
2101012.12	Club Óige - Cora Droma Rúisc	€4,305.00
2101012.13	Club Óige - Domhnach Bat	€3,690.00
2101012.14	Club Óige - Dún Laoghaire	€4,095.00
2101012.15	Club Óige - Guaire	€4,515.00
2101012.16	Club Óige - Ráth Maoinis	€4,725.00
2101012.17	Club Óige - Tiobraid Arainn	€3,690.00
2101012.18	Club Óige - Uarán Mór	€4,515.00
	Iomlán	€145,167.00 agus £97,880.00

Aguisín 2: Deontais ceadaithe faoin Scéim Mheantóireachta 2021

Comhordaitheoir		Táille an Chomhordaitheora		Soláthar do Chostais an Chomhordaitheora	
Réaltán Ní Leannáin		€ 1,000.00		€ 350.00	
Scribhneoir	Meantóir	Táille an Scribhneora	Soláthar do Chostais an Scribhneora	Táille an Mheantóra	Soláthair do Chostais an Mheantóra
Bernard Ó Cathmhaoil	Alan Titley	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Éilis Neary	Sadhbh Devlin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Niall Ó Siadhail	Joe O'Donoghue	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Ciarán Ó Maitiú	Mícheál Ó Ruairc	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Michelle Nic Pháidín	Philip Cummings	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Máire Uí Chonboirne	Cathal Póirtéir	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Wuraola Majekodunmi	Máire Zepf	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Neil Ó Briain	Dermot Somers	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Shane Grant	Ceaití Ní Bheildiúin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Caitlín Nic Íomhair	Tadhg Mac Dhonnagáin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Ruth Nic Giolla Iasachta	Gabriel Rosenstock	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Orla Ní Shíthigh	Meadhbh Ní Eadhra	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Emer O'Flaherty	Dairena Ní Chinnéide	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Ceri Garfield	Ré Ó Laighléis	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Darren Ó Riagáin	Brian Ó Tiomáin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Helena O'Brien	Anna Heussaff	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Annemarie Nugent	Réaltán Ní Leannáin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Laoighseach Ní Choistealbha	Áine Ní Ghlinn	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Aran Corcoran	Brenda Ní Shúilleabháin	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Alison Ní Mháirtín	Darach Mac Con Iomaire	€1,000.00	€ 150.00	€ 2,500.00	€ 350.00
Iomlán		€ 81,350.00			

Miontuairiscí ón 190ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 30 Iúil 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), M. Ní Neachtain, S. Ní Chéide, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Broilcháin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, L. Rushe, L. Ní Riada agus M. Ní Chonghaile.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Leithscéalta: N. Ó Gallochobhair agus F. Nic Giolla Chatháin.

01.190 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcruinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socruithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Cuireadh fáilte roimh an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha nuacheaptha, B. Mac Craith, agus gabhadh comhghairdeas leis faoina cheapacháin.

Gabhadh comhghairdeas le S. Ní Chéide ar bhreith a mic.

02.190 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Phléigh an Cathaoirleach roinnt gnóthaí a bhaineann leis an mBord faoin mí seo agus rinne sí trácht ar na nithe seo a leanas ina caint: an Cód Iompair do Chomhaltaí an Bhoird agus Buanorduithe an Bhoird; leag sí béim ar leith ar rúndacht, ar choláisteacht an Bhoird agus ar mhúinín a bheith ag Comhaltaí as a chéile, ar chúrsaí canbhasála agus ar bhaol coimhlintí leasa, agus ar chód cleachtais rialtas. Thagair sí chomh maith do ról an Bhoird i gcomparáid le ról an fheidhmeannais, agus chuir sí in iúl gurb é an Bord a chuireann próisis agus córais i bhfeidhm chun feidhmeanna straitéiseacha na heagraíochta a leagan amach, agus gurb é an Feidhmeannas a chuireann próisis agus córais i bhfeidhm chun na feidhmeanna sin a chur i gcrích. Chuir sí in iúl chomh maith gurb iad an Príomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach na pointí teagmhála do chomhaltaí ar ghnóthaí an Bhoird.

Thug an Cathaoirleach achoimre ar réimsí oibre Choistí an Bhoird agus mhínigh sí an próiseas chun ballraíocht na gCoistí a athbhreithniú i gcomhthéacs na gceapachán is déanaí ar an mBord. Chuir sí in iúl nach féidir an Coiste Osradhairc a ghairm i láthair na huaire toisc nach bhfuil Leas-Chathaoirleach ceaptha ar an mBord, ach go raibh cruinniú aici le foireann an Fheidhmeannais ina ionad sin agus go raibh sí sásta go raibh an eagraíocht ag feidhmiú go sásúil.

Mhínigh an Cathaoirleach a cinneadh i leith rún ar chuir Comhalta faoina bráid nach raibh ag teacht le dea-chleachtais i dtaobh cruinnithe Boird agus nach raibh sé i gceist aici é a chur ar an gclár. Rinneadh tagairt do chomhairle neamhspleách a fuair sí i dtaca leis an rún seo, agus fiosraíodh an gcuirfí cóip den chomhairle ar fáil.

03.190 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 11 MEITHEAMH 2021

Mhínigh an Cathaoirleach an dea-chleachtas a bhaineann le stíl scríofa na miontuairiscí i gcomhthéacs choláisteacht an Bhoird agus thug sí achoimre ar an bpróiseas atá ann le miontuairiscí a dhreachtú agus a fhaomhadh.

Glacadh leis na miontuairiscí agus na leasuithe a aontaíodh curtha san áireamh.

04.190 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Tagraíodh don cheist a ardaíodh ag an gCruinniú Boird ar an 11 Meitheamh faoi Oifigigh Phleanála Teanga a bheith ina mbaill ar Chumann na nOifigeach Gaeilge agus tuairiscíodh go bhfuil moladh déanta ag Foras na Gaeilge go bpléifí ballraíocht na nOifigeach Pleanála Teanga ag an gcéad chruinniú eile den Chumann i mí Mheán Fómhair.

05.190 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag na Comhaltaí seo a leanas:

- R. Uí Chollatáin i dtaca le Scéim na Foilsitheoireachta;
- W. Majekodunmi i dtaca leis an Scéim Raidió Pobal;
- D. Ó Brolcháin i dtaca leis an Scéim Ionaid;
- M. Ní Chonghaile i dtaca leis an Scéim Ionaid, Scéim na gCampaí Samhraidh, agus Scéim na nImeachtaí Óige;
- S. Ní Chéide i dtaca le Scéim na gCompántas Drámaíochta;
- M. Ní Neachtain i dtaca le Scéim na bhFéilte, Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon, agus Scéim na gCompántas Drámaíochta;

06.190 COVID-19

Thug an Stiúrtóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- xii. Tá oifig Bhéal Feirste ar oscailt ar bhonn teoranta faoi láthair;
- xiii. Táthar ag súil go gceadófaí láithreacha oibre a athoscailt sa dlínse ó dheas i mí Mheán Fómhair;
- xiv. Athosclófar na hoifigí ar bhonn céimithe nuair is ceadmhach;
- xv. Tá an chosúlacht ar an scéal faoi láthair go gceadófaí cruinnithe a reáchtáil ar an láthair faoi mhí Mheán Fómhair.

Fiosraíodh an mbeidh sé de chumas ag an mBord cruinniú a reáchtáil ar an láthair roimh dheireadh na bliana agus dearbhaíodh go raibh seans an-ard ann ag an bpointe seo go bhféadfaí Cruinniú Boird mhí na Nollag a reáchtáil ar an láthair.

07.190 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Fiosraíodh cad a pléadh ag na cruinnithe le Conradh na Gaeilge agus le Glór na nGael, ar tagraíodh dóibh sa tuairisc, agus cuireadh in iúl go ndearnadh plé ginearálta faoi thosaíochtaí

na gCeanneagraíochtaí do 2022 iontu, mar aon le nuashonrú ar an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge.

Tagraíodh don litir a sheol Conradh na Gaeilge go poiblí chuig an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus an Cathaoirleach lá ó shin agus fiosraíodh cathain a pléadh arduithe buiséid leis na Ceanneagraíochtaí. Cuireadh in iúl nár tairgeadh ardú buiséid do na Ceanneagraíochtaí, ach gur cuireadh in iúl dóibh go raibh ardú buiséid de luach +5% á chur faoi bhráid an Bhoird, gur roinneadh an figiúr sin mar bhuiséad tascach i gcomhthéacs plé faoi thosaíochtaí féideartha do na Ceanneagraíochtaí sa bhliain 2022. Fiosraíodh ar chóir don Fheidhmeannas dul i dteagmháil leis na Ceanneagraíochtaí ar an mbonn sin i gcomhthéacs an ábhair inní fad-tuairiscithe atá ag comhaltaí Boird áirithe ina dtaobh agus soiléiríodh go raibh gá le hionchur na gCeanneagraíochtaí a fháil ar an ábhar gur iarr an Bord ar an bhFeidhmeannas ag an gcruinniú deireanach breis sonraí a fháil faoina ndéanfadh na Ceanneagraíochtaí dá gcuirfí ardú buiséid ar fáil dóibh. Fiosraíodh ar chuir Ceanneagraíochtaí eile in iúl go mbeidís sásta diúltú d'ardú buiséid chun cur le soláthar na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge agus cuireadh in iúl nár chuir.

Fiosraíodh ar freagraíodh an litir go fóill agus chuir an Cathaoirleach in iúl gur sheol sí dearbhú chuig Conradh na Gaeilge le rá go bhfuair sí an litir, inar ndúirt sí go bpléifeadh sí an t-ábhar leis an bPríomhfheidhmeannach. Cuireadh fáilte roimh Chomhaltaí dul i dteagmháil le foireann cumarsáide i bhForas na Gaeilge de réir an phrótacail cumarsáide sa chás go dtagann ceisteanna ó na meáin chucu go pearsanta ar an ábhar seo.

Tagraíodh don tosaíocht a luaitear le Conradh na Gaeilge maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn i measc phobal inimirce na hÉireann agus fiosraíodh an féidir foclaíocht níos beachte ná 'Éireannaigh nua' a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na spriocphobail atá i gceist leis sin.

Cheadaigh an Bord ceapachán an Stiúrthóra Seirbhísí Forbartha a uasdátú ar an mandáid bhainc.

Thug an Bord cead don Fheidhmeannas léasanna d'oifigí Ghaoth Dobhair agus Ráth Chairn a athnuachan.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Glacadh briseadh 10 nóiméad ag an bpointe seo.

08.190 PLEAN INFHEISTÍOCHTA D'EARNÁIL NA GAEILGE

D'fhág D. Mac Cárthaigh an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Chuir an Príomhfheidhmeannach an plean infheistíochta faoi bhráid an Bhoird agus tugadh suntas dó. Cuireadh in iúl gur plean é seo atá in úsáid ag Conradh na Gaeilge mar uirlis feachtasaíochta réamhthoghcháin agus go bhfuil fáilte roimh an mBord ionchur a thabhairt ina thaobh.

D'fhill D. Mac Cárthaigh i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

09.190 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

a) An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha tuairisc don Bhord ar na nithe a pléadh ag an gcuinniú den Choiste Forbartha ar an 21 Iúil. Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- Tá glaoch ar thairiscintí anois beo ar eTenders don obair luachála ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta;
- Ghlac an Coiste le cás gnó maidir leis an tionscadal boscaí leabhar i gcomhpháirt le Leabhair Pháistí Éireann, atá le cur faoi bhráid an Bhoird ag an gcuinniú seo; agus
- Phléigh an Coiste le tuairisc féinluachála faoi thionscadal an fhoclóra nua Béarla-Gaeilge, a bhfuil tuilleadh plé le déanamh air ag leibhéal an Choiste.

Glacadh leis an gcás gnó faoin tionscadal boscaí leabhar agus fiosraíodh an féidir leis an Roinn Oideachais ó dheas cur leis an mbuiséad don tionscadal.

Cuireadh an tuairisc luachála faoin bhfoclóir faoi bhráid an Bhoird agus cuireadh fáilte roimh aiseolas ó Chomhaltaí ina taobh. Ardaíodh an tuairim gurbh fhiú breathnú ar luacháil neamhspleách a dhéanamh ar an tionscadal.

b) An Coiste Iniúchta

Thug M. Ní Neachtain, a bhí sa chathaoir don chruinniú den Choiste Iniúchta ar an 26 Iúil, tuairisc don Bhord ar na nithe a pléadh ag an gcuinniú sin. Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- Ceapadh beirt bhall sheachtracha ar an gCoiste;
- Pléadh athbhreithniú ar na polasaithe calaoise agus sceithireachta, atá le hathbhreithniú go foirmeálta ag an gcéad chruinniú eile den Choiste;
- Glacadh leis an gClár Rioscaí, atá le cur faoi bhráid an Bhoird ag an gcuinniú seo; agus
- Tugadh nuashonrú ar an gcóras iarratais deontais ar líne.

Glacadh leis an gClár Rioscaí.

c) Coiste na nDeontas

Leasú Buiséid don Áisaonad

Tugadh suntas do leasú buiséid don Áisaonad.

Scéim Colmcille 2021

Ghlac an Bord leis an iarratas seo a leanas faoin Scéim Colmcille 2021.

Uimhir Thagartha	Iarrthóir	Iarrtha €	Molta €
CC21010	Féile na Gealaí	€12,000	€9,000
		Iomlán molta	€9,000

Scéim na Foilsitheoireachta 2021

D'fhág R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa agus chuaigh D. Mac Cárthaigh sa chathaoir.

Cheadaigh an Bord síneadh bliana, mar aon le tairiscint nach mó ná €6,500, a thabhairt do Chomhar (uimh. thagartha: L21007.02) faoi scéim na Foilsitheoireachta 2021 chun an tionscadal píolótach Cló Léann na Gaeilge a chur i gcrích.

D’fhill R. Uí Chollatáin ar an gcruinniú ag an bpointe seo agus chuaigh sí sa chathaoir arís.

An Scéim Raidió Pobal 2022-2024

D’fhág W. Majekodunmi an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Fiosraíodh ar chóir an t-iarratas seo a phlé sula ndéantar plé ar bhuiséad 2022. Ar mholadh ó Chathaoirleach Choiste na nDeontas, cinneadh an t-iarratas seo a chur siar go dtí go mbeidh plé déanta ag an mBord maidir le buiséid 2022.

D’fhill W. Majekodunmi ar an gcruinniú ag an bpointe seo.

Cur i láthair ar an athdháileadh

Ar iarratas ó Chathaoirleach Choiste na nDeontas, rinne an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha cur i láthair ar an bpróiseas athdháilte, ar na himpleachtaí atá ag ceangaltais ar phleanáil buiséid, agus ar an gCiste Tionscadail agus bhí plé ina leith.

Pléadh tearc-chaiteachas agus an chuid de sciar dheireadh na bliana 2020 nár éilíodh agus dhearbhaigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha nach raibh a leithéid ann go dtí 2020.

Fiosraíodh an féidir liosta de na tionscadail a faomhadh faoin gCiste Tionscadail a fhoilsiú ar líne.

10.190 CUR I LÁTHAIR AR CHÚRSAÍ FOCLÓIREACHTA

Tháinig P. Ó Mianáin, Eagarthóir Foclóireachta Fhoras na Gaeilge, i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo, rinne sé cur i láthair ar fhís Fhoras na Gaeilge i leith a chuid freagrachtaí reachtúla i réimse na foclóireachta, agus bhí plé ina leith. Gabhadh buíochas le P. Ó Mianáin agus d’fhág sé an cruinniú.

Glacadh briseadh 15 nóiméad ag an bpointe seo.

Ghabh W. Majekodunmi, L. Ní Riada, agus L. Rushe a leithscéal nach raibh siad in ann fanacht don chuid eile den chruinniú, agus d’fhág siad an cruinniú.

11.190 TOSAÍOCHTAÍ BUISÉID 2022

Cuireadh in iúl go bhfuil roinnt baol coimhlintí leasa cláraithe ag Comhaltaí i dtaca le tionscadail éagsúla de chuid na heagraíochta, agus socraíodh gan mionphlé a dhéanamh ar na réimsí caiteachais ionas nach dtiocfadh na baol coimhlintí leasa seo salach ar an bplé.

Cuireadh plécháipéis faoi bhráid an Bhoird a bhí bunaithe ar an ardú buiséid do 2022, agus meabhraíodh don Bhord gur soláthar buiséid atá sonraithe ar an gcáipéis, seachas caiteachas. Rinne an Bord plé fada ar an mír seo inar léiríodh réimse leathan de thuirimí éagsúla faoi na tosaíochtaí ab fhearr a dhéanamh do leas na teanga. Pléadh an fhéidearthacht breis maoiniú a chur ar fáil don Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, agus fiosraíodh an bhféadfaí gan maoiniú

breise a chur ar fáil do thionscadail a mbeidh na Ceanneagraíochtaí ag tabhairt fúthu agus na himpleachtaí a bhainfeadh lena leithéid de chinneadh. Fiosraíodh chomh maith an féidir an phlécháipéis a dhearadh ar bealach a thabharfadh tús áite don tionscadal atá i gceist, seachas don deontaí a dhéanfaidh bainistiú ar an tionscadal.

Iarradh vóta a chaitheamh ar an gcáipéis maidir le tosaíochtaí. De réir thoradh an vóta, iarradh ar an bhfeidhmeannas teacht ar ais le cáipéis nua ina bhfuil eolas breise i dtaobh tosaíochtaí buiséid 2022. Moladh an mhír seo a chur níos luaithe ar chlár an chéad Chruinniú Boird eile.

12.190 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEITHEAMH 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Tá an t-ardú buiséid do 2021, a ceadaíodh ag an gCruinniú Boird 11 Meitheamh, anois curtha i bhfeidhm ar an Ráiteas Caiteachais;
- Tá leath den bhliain tuairiscithe ar an Ráiteas Caiteachais faoi láthair;
- Tá an patrún caiteachais píosa beag taobh thiar i gcomparáid leis an am seo anuraidh, ach tá an patrún ar sprioc ar an iomlán; agus
- Tá díolacháin ÁIS an-láidir i mbliana, agus tá an patrún chun cinn i gcomparáid leis an am seo anuraidh.

Ardaíodh ceist faoi chaiteachas Colmcille a bheith mall i mbliana, agus cuireadh in iúl go bhfuil comhordaitheoir ceaptha le déanaí chun an clár Colmcille 1500 a riaradh, agus go bhfuil súil ann go ndéanfar dul chun cinn ar an gcaiteachas sa réimse seo go luath dá bharr.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

13.190 COMHFHREAGRAS

Cuireadh in iúl gur seoladh litir chuig an gCathaoirleach maidir le breithiúnas a rinneadh le déanaí sa Ríocht Aontaithe, Breith McKee. Cuireadh in iúl go bhfuil tuairim á lorg ag an bhFeidhmeannas ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ar an ábhar chomh maith, agus go bhfuil sé i gceist costais le haghaidh aon chomhairle dlí a roinnt idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise.

Ardaíodh ceist faoin gcomhfhreagras ó Chumann Cluain Ard. Mhínigh an Cathaoirleach go dtéann an comhfhreagras sin siar roinnt blianta agus gur mhaith léi féin deis a fháil iniúchadh a dhéanamh air sula ndéantar aon phlé eile air.

14.190 AON GHNÓ EILE

D'fhág M. Ní Neachtain an cruinniú ag an bpointe seo.

Thug an Bord suntas do thuairisc Thuismitheoirí na Gaeltachta ar líon na dteaghlach atá á dtógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht, agus don scéal a tháinig chun cinn le déanaí faoi shuíomh Náiscoil na Seolta in Oirthear Bhéal Feirste.

Reáchtáladh seisiún gairid gan Fheidhmeannas.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
17 Meán Fómhair 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Regina Uí Chollatáin		Ceaptha 05/05/2021			✓	✓			
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓	✓	Ceapachán éagtha 06/07/2021			
Conor McGuinness	✓	✓	✓	✓	✓	Ceapachán éagtha 23/06/2021			
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓	✗	✓			
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	✓	✓	✓	✗			
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Liam Rushe	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓	✗	✓			
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓	✓	✓			
Freda Nic Giolla Chatháin		Ceaptha 05/05/2021			✓	✗			

* Cruinniú Speisialta den Bhord

Miontuairiscí ón 191ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 17 Meán Fómhair 2021 ar líne ar Zoom

I láthair: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, S. Ní Chéide, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, D. Ó Brolcháin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, L. Rushe, L. Ní Riada, N. Ó Gallochobhair, F. Nic Giolla Chatháin agus I. Ó Dochartaigh.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Príomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, S. Ó hEidhin, J. Ó Labhraí agus K. Johnston.

Leithscéalta: M. Ní Chonghaile.

01.191 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na Comhaltaí Boird chuig an gcrúinniú atá á reáchtáil ar Zoom, de bharr ghéarchéim Covid-19, agus gabhadh buíochas leis na Comhaltaí as a dtacaíocht maidir le socrúithe breise a dhéanamh i dtaobh cruinnithe éagsúla le linn na héigeandála.

Cuireadh fáilte roimh na Comhaltaí Boird nuacheaptha, C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach) agus I. Ó Dochartaigh.

02.191 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leis na Comhaltaí as a n-ionchur sa phróiseas roghnúcháin i dtaca leis na Coistí Boird, agus chuir sí ballraíocht mholta i leith an Choiste Iniúchta, an Choiste Forbartha, Choiste na nDeontas, an Choiste Osradhairc, Choiste Cholmcille, agus an Choiste Achomhairc faoi bhráid an Bhoird. Cuireadh in iúl go mairfeadh tréimhse na ballraíochta seo ón 01 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 30 Meán Fómhair 2023, agus go scaipfí litreacha ceapacháin ar na Comhaltaí an tseachtain seo chugainn.

D'iarr an Cathaoirleach ar Chathaoirligh na gCoistí Boird athbhreithniú ar théarmaí tagartha na gCoistí, ceapacháin Leas-Chathaoirligh na gCoistí, agus dátaí cruinnithe 2021 a chur ar chláir na gcéad chruinnithe eile de na Coistí. Cuireadh in iúl go socrófaí ceardlann oiliúna ar chathaoirleacht do Chathaoirligh na gCoistí Boird.

Ghlac an Bord leis an mballraíocht mholta i leith na gCoistí Boird.

Thagair roinnt Comhaltaí do chúpla cáipéis a raibh moill ag baint leo agus ghabh an Príomhfheidhmeannach a leithscéal as an moill sin. Dearbhaíodh go gcuirfí na cáipéisí uile don chéad chruinniú eile ar fáil don Bhord seachtain roimh an gcrúinniú sin.

03.191 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 30 IÚIL 2021

Tagraíodh don mhír maidir le baol coimhlintí leasa agus iarradh go gceartófaí tagairt do bhaol coimhlint leasa ag S. Ní Chéide.

Rinneadh plé ar an tuairisc ón gCoiste Forbartha agus soiléiríodh go raibh plé breise le déanamh ag an gCoiste ar an tuairisc féinluachála ar thionscadal an fhoclóra Béarla-Gaeilge agus gur “nótáladh an tuairisc” seachas “glacadh leis an tuairisc” ba chóir a bheith ann.

Glacadh leis na miontuairiscí agus na leasuithe thuasluaite curtha i bhfeidhm.

04.191 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Cuireadh in iúl go bhfuil athnuachan cúig bliana sínithe ar léas oifig Ghaoth Dobhair agus go bhfuil pointí dlí á mbeachtú faoi láthair i dtaca leis an athnuachan ar léas oifig Ráth Chairn.

Tuairiscíodh mar eolas go bhfuil suíomh nua faighte ag Náiscoil na Seolta i mBéal Feirste agus go n-osclofaí an náiscoil i mí Dheireadh Fómhair.

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur mhaith léi bualadh leis na comhaltaí ar fad i ndiaidh an chruinnithe.

05.191 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag na Comhaltaí seo a leanas:

- W. Majekodunmi i dtaca leis an Scéim Raidió Pobail.

06.191 TOSAÍOCHTAÍ BUISÉID 2022

Tháinig W. Majekodunmi i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird i dtaca le tosaíochtaí buiséid 2022, agus rinneadh cur i láthair a thug eolas breise maidir leis an moladh don Bhord agus bhí plé ina leith. Socraíodh plé leis an moladh ar bonn iomlán agus ginearálta ionas nach dtiocfaidh baol coimhlintí leasa i gceist do chomhalta ar bith. Cuireadh i gcuimhne don Bhord gur soláthar a bhí i gceist leis an moladh seo chun pleanáil gnó do 2022 a éascú, agus go bhféadfadh go dtiocfadh arduithe ar an mbuiséid bonnlíne do na blianta 2023 ar aghaidh, rud a ligfeadh d’Fhoras na Gaeilge freastal ar thosaíochtaí eile sna blianta atá le teacht. Dearbhaíodh go roinnfí cóip den chur i láthair leis an mBord i ndiaidh an chruinnithe.

Ag freagairt d’fhiosruithe éagsúla faoin moladh, cuireadh in iúl go raibh freagrachtaí reachtúla éagsúla ag Foras na Gaeilge arbh éigean freastal orthu. Bhí plé cuimsitheach ar an mbuiséad don Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge agus tuairiscíodh go bhfuil iniúchadh déanta ag na hoifigigh chuí san fheidhmeannas a léiríonn gur leor an soláthar molta do SFLG do riachtanais phá na ndeontaithe, agus go bhfuil costais an fhostóra agus soláthar le haghaidh pinsin clúdaithe sa soláthar sin. Tuairiscíodh go bhfuil 29 n-iarratas cláraithe faoi ardchéim agus mheánchéim SFLG, agus 9 n-iarratas faoin mbunchéim agus go bhfuil próiseas measúnaithe ar siúl faoi láthair. Meabhraíodh don Bhord go mbeadh mórán de na hiarrthóirí faoi SFLG incháilithe don Scéim Ionad nua, ach sin a bheith ceadaithe ag an mBord, agus gur foinse bhreise mhaoinithe é sin do na heagraíochtaí sin.

Freagraíodh fiosruithe éagsúla faoi na míreanna uile sa mholadh.

Iarradh vóta a chaitheamh ar an moladh seo ach shocraigh an Cathaoirleach gan vóta a ghairm ar an ábhar gur vótáil an Bord ar na tosaíochtaí seo cheana féin.

Glacadh leis an moladh maidir le tosaíochtaí buiséid 2022.

D'iarr na comhaltaí seo a leanas a nótáil sna miontuairiscí nár thacaigh siad leis an moladh: C. McGuinness, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, N. Ó Gallochobhair, L. Ní Riada agus D. Mac Cárthaigh.

Fiosraíodh conas is féidir cur le liosta tosaíochtaí Fhoras na Gaeilge amach anseo agus soiléiríodh nár bhain an liosta tosaíochtaí a bhí sa mholadh ar glacadh leis ach leis an ardú buiséid, seachas do bhuiséad iomlán 2022. Cuireadh in iúl go ndéanann an Bord athbhreithniú tréimhsiúil ar bhuiséad na heagraíochta ag gach Cruinniú Boird nuair a ghlantar an Ráiteas Caiteachais, agus gurb é sin an deis rialta a bhíonn ag Comhaltaí tosaíochtaí a ardú.

D'fhág W. Majekodunmi an cruinniú ag an bpointe seo.

Cuireadh moladh faoi bhráid an Bhoird ó Choiste na nDeontas maidir le leagan amach agus soláthar buiséid don Scéim Raidió Pobal 2022-2024 agus glacadh leis.

07.191 COVID-19

Thug an Stiúirthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- 1) Tá na srianta sláinte poiblí á maolú sa dá dhlinse agus beidh cead na hoifigí a athoscailt arís go luath;
- 2) Tá teagmháil á déanamh leis an bhfoireann i dtaca le filleadh ar na hoifigí agus ar mhodhanna oibre níos fadtéarmaí; agus
- 3) Tá na hoifigí ar fad á réiteach le hathoscailt go sábháilte.

Cuireadh in iúl go raibh pleanáil ar bun faoi láthair go mbeadh an chéad Chruinniú Boird eile á reáchtáil ar an láthair, dá mb'fhéidir. Fiosraíodh arbh fhéidir cur i láthair a fháil ó na Ceanneagraíochtaí faoina réimsí oibre roimh an gcrúinniú sin de bharr go mbeadh iarratais mhaoiniú 2022 na gCeanneagraíochtaí ar an gclár le faomhadh ag an gcrúinniú sin. Dearbhaíodh go socrófaí cur i láthair ó na Ceanneagraíochtaí do chomhaltaí roimh an chéad chruinniú Boird eile.

Glacadh briseadh 15 nóiméad ag an bpointe seo.

08.191 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Ghabh an Príomhfheidhmeannach a leithscéal as cúpla nuashonrú ar an tuairisc a roinneadh go mall leis an mBord.

Freagraíodh ceisteanna éagsúla ó Chomhaltaí ar an tuairisc: an liosta athdháilte; maoiniú ar chumarsáid agus margaíocht; maoiniú do na Líonraí Gaeilge ó thuaidh faoi Ré Nua, Cur Chuige Nua; folúntais; agus an Gréasán.

Fiosraíodh áit na Gaeilge sa phróiseas saoránachta in Éirinn agus iarradh go gcuirfí sin ar chlár an chruinnithe atá iarrtha ag an gCathaoirleach leis an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Ghlac an Bord leis an moladh cúram Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste a aistriú ó Chultúrlann McAdaim Ó Fiaich go Glór na Móna.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

D'fhág N. Ó Gallochobhair an cruinniú ag an bpointe seo.

09.191 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

a) An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha tuairisc don Bhord ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha ar an 14 Meán Fómhair. Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- Pléadh an próiseas luachála ar thionscadal an fhoclóra Béarla-Gaeilge;
- Pléadh an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta; agus
- Pléadh amlíne dréachtaithe agus comhairliúcháin Phlean Corparáideach 2023-25.

Rinneadh plé ar an tuairisc luachála ar thionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Béarla. Mhol an Coiste glacadh leis na moltaí sa tuairisc luachála, agus lena chois sin, staidéar chomparáideach a dhéanamh le tionscadail eile dá leithéid i dteangacha ar nós na dTeangacha Ceilteacha, na Bascaise, agus na Catalóinise.

Glacadh leis an moladh.

Rinneadh plé ar an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta agus léiríodh díomá nach bhfuarthas iarratas ar bith ar an iarraidh ar thairiscintí. Iarradh go dtógfaí an cheist sa chruinniú ag an gCathaoirleach leis an Aire Martin. Fiosraíodh ar chóir an deacracht a bhaineann le luachálacha seachtracha a chur ar an gClár Rioscaí. Aithníodh go raibh feidhmeannaigh shinsearacha fostaithe ag Foras na Gaeilge nach raibh baint acu le bunú an Chur Chuige Comhpháirtíochta agus go bhféadfaí luacháil inmheánach a dhéanamh a bheadh oibiachtúil, mura mbeadh sí neamhspleách. Mhol an Coiste go gceapfaí duine ar chonradh seirbhíse chun tabhairt faoin luacháil, faoi stiúir coiste comhdhéanta de Chomhaltaí Boird agus de Bhaill an Fheidhmeannais.

Glacadh leis an moladh.

Mhol an Coiste glacadh leis an amlíne dréachtaithe agus comhairliúcháin do Phlean Corparáideach 2023-25.

Glacadh leis an moladh.

b) Coiste na nDeontas

Leasuithe Buiséid

Tugadh suntas do leasuithe buiséid do Chumann na bhFiann agus do Ghael Linn.

Scéim Cholmcille 2021

Ghlac an Bord leis an iarratas seo a leanas faoi Scéim Cholmcille 2021.

Uimhir Thagartha	Iarrthóir	Iarrtha €	Molta €
CC2100	Coiscéim	€3,500	€3,500
		Iomlán molta	€3,500

Iarratas Breise faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022

Ghlac an Bord leis an iarratas seo a leanas faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022.

Uimhir Thagartha	Iarrthóir	Molta £ 2021	Molta £ 2022
2101010.36	Cairde na Gaelscoile	£1,750	£1,750
		Iomlán molta	£3,500

Tuairiscíodh gur thug an Coiste suntas do liostaí fada feithimh i dtaca leis an scéim Gaelbhratach atá á riar ag Gael Linn. Iarradh ar an bhFeidhmeannas fiosruithe a dhéanamh maidir le maoiniú breise a chur ar fáil do Ghael Linn as an athdháileadh don Ghaelbhratach, agus fiosrú a dhéanamh leis an Roinn Oideachais maidir le maoiniú don Ghaelbhratach a mhéadú.

10.191 CUR I LÁTHAIR AR NA PRÓISIS MHEASÚNAITHE IARRATAS

Tháinig G. Trimble, Clárhainisteoir Pobal agus Gnó Fhoras na Gaeilge, i láthair an chruinnithe, rinne sé cur i láthair i gcomhpháirt leis an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha ar na próisis mheasúnaithe iarratas, agus bhí plé ina leith.

Moladh go ndéanfaí torthaí phróiseas measúnaithe an Chiste Tionscadal a fhoilsiú go poiblí. Glacadh leis an moladh seo agus aontaíodh go ndéanfaí sin as seo amach.

Rinneadh comhbhrón le G. Trimble ar bhás duine mhuinteartha dá chuid, gabhadh buíochas leis as an gcur i láthair, agus d'fhág sé an cruinniú.

11.191 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 31 LÚNASA 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- Tá caiteachas taobh thiar den áit a raibh sé an t-am seo anuraidh, agus gurb é Covid-19 an phríomhchúis leis sin;
- Tá dóchas ann go gcuirfear dlús le caiteachas i réimsí na hEarnála Poiblí agus na nEalaíon in ráithe 4 nuair a cheadófar féilte a reáchtáil;
- Tá díolachán ÁIS chun cinn ar an áit a raibh sé an t-am seo anuraidh,
- Tá dóchúlacht ard ann anois nach mbeifear in ann an soláthar iomlán buiséid atá ar fáil a chaitheamh roimh dheireadh na bliana, go háirithe ós rud é nár ceapadh comhlacht don luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta (€210,000), agus ar an

ábhar go raibh an chuid is mó de na scéimeanna dúnta faoin am ar ceadaíodh an méadú de €1.3m i ndeireadh mhí Aibreáin 2021; agus

- Beidh clár bhainisteoirí ag breathnú ar an gcaiteachas an tseachtain seo chugainn chun deiseanna athdháilte a phlé.

Dearbhaíodh nach dtarraingeofaí maoiniú ó na Ranna nach bhféadfaí a chaitheamh roimh dheireadh na bliana.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

12.191 RÚN MAIDIR LE MANDÁID BHAINC FHORAS NA GAELIGE

Cuireadh rún faoi bhráid an Bhoird a mhol nuashonruithe pearsanra a chur i bhfeidhm ar mhandáid bhainc Fhoras na Gaeilge.

Glacadh leis an rún.

13.191 COMHFHREAGRAS

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sí i ndiaidh an comhfhreagras a bhaineann le Cumann Chluain Árd (CCÁ) a scagadh agus go bhfuil sé i gceist an comhfhreagras agus an tuairisc a scaip CCÁ ar na comhaltaí a bhí ar na mBord in 2018, a chur ar fáil don Bhord.

Tuairiscíodh gur tháinig iarratas maoinithe ó Chumann Mhic Reachtain a d'iarr siad a chur i láthair an Bhoird. Míníodh nach mbeadh sé cuí iarratas ar dheontais a chur faoi bhráid an Bhoird agus go mbeadh an feidhmeannas ag plé leis ar an ngnáthdhóigh.

Iarradh ar an bhFeidhmeannas cur chuige a fhiosrú i dtaobh conas níos mó poiblíochta a dhéanamh maidir leis an gcóras athdháilte agus maoiniú a bheadh fágtha le caitheamh i dtreo dheireadh na bliana.

14.191 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go bhfuil plé ar siúl leis an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoi láthair i dtaca le dréachtstraitéis na Roinne i leith na n-ealaíon teangabhunaithe Gaeilge agus na himpleachtaí féideartha d'Fhoras na Gaeilge.

Bhí seisiún gan Feidhmeannas ag Comhaltaí i ndiaidh an chruinnithe.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
29 Deireadh Fómhair 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Regina Uí Chollatáin		Ceaptha 05/05/2021			✓	✓	✓		
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓	✓	Ceapachán éagtha 06/07/2021			
Conor McGuinness**	✓	✓	✓	✓	✓		✓		
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓	X	✓	X		
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓		
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Liam Rushe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓		
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓		
Freda Nic Giolla Chatháin		Ceaptha 05/05/2021			✓	X	✓		
Ian Ó Dochartaigh					Ceaptha 30/07/2021		✓		

* Cruinniú Speisialta den Bhord

** D'imigh ceapachán Conor McGuinness in éag 23/06/2021. Athcheapadh é mar Leas-Chathaoirleach 30/07/2021

Miontuairiscí ón 192ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 29 Deireadh Fómhair 2021 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath agus ar líne ar Zoom

I láthair: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, S. Ní Chéide, W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, M. Ní Chonghaile agus I. Ó Dochartaigh.

Ar líne: D. Ó Brolcháin, L. Ní Riada agus F. Nic Giolla Chatháin.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith agus K. Johnston.

Ar líne: S. Ó hEidhin agus J. Ó Labhraí.

Leithscéalta: L. Rushe agus N. Ó Gallochobhair.

01.192 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Chomhaltaí Boird chuig an gcrúinniú, a bhí á reáchtáil go hibrideach den chéad uair, agus ghabh sí a buíochas le Comhaltaí as an iarracht a dhéanamh freastal ar láthair fhisiciúil an chruinnithe. Thug sí achoimre ar shocruithe praiticiúla agus sláinte an chruinnithe agus ghabh sí a buíochas leis an bhfoireann as na socruithe sin a chur i bhfeidhm.

02.192 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Mheabhraigh an Cathaoirleach do Chomhaltaí gan a seoltaí pearsanta rphoist a úsáid le haghaidh ghnóthaí an Bhoird agus aontaíodh go gcuirfí teachtaireacht chuig seoltaí pearsanta na gcomhaltaí lena chur in iúl dóibh go raibh rphost curtha chuig an seoladh oifigiúil.

03.192 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 17 MEÁN FÓMHAIR 2021

- Mír 06.191 Tosaíochtaí Buiséid 2022

Aontaíodh leasú sna miontuairiscí mar seo a leanas i ndiaidh na habairte

“Freagraíodh fiosruithe éagsúla faoi na míreanna uile sa mholadh.”

“Iarradh vóta ar an gceist, ach shocraigh an Cathaoirleach ina áit sin, tuairimí na gcomhaltaí uile ó dhuine go duine, a iarraidh ar an gceist, agus an cinneadh a bhunú air sin.”

Ardaíodh ceist i leith ról vótaí - cén uair ba chóir vóta a chaitheamh nuair atá easaontú faoi mholadh atá faoi bhráid an Bhoird ó choiste, i gcomhthéacs na forála sna Buan-Orduithe a cheadaíonn vóta sna cásanna nach féidir teacht ar chinneadh comhaontaithe. Iarradh go lorgófaí comhairle dlí ar an gceist.

Glacadh leis na miontuairiscí agus an leasú thuasluaite curtha i bhfeidhm.

04.192 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Thuairiscigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil Náiscoil na Seolta anois ar oscailt agus go bhfuil 14 dálta cláraithe léi. Tuairiscíodh go bhfuil cruinniú leis an Aire Turasóireachta,

Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta Spóirt agus Meán, agus comhchruinniú leis na hAirí Airgeadais agus Pobal ó thuaidh, socraithe go luath i mí na Samhna, agus cuireadh fáilte roimh Chomhaltaí teagmháil a dhéanamh leis an gCathaoirleach chun ábhar a mholadh le haghaidh chlár na gcrúinnithe sin.

Fiosraíodh cathain a bheidh an chéad chruinniú de Choiste Cholmuille ar siúl agus dearbhaíodh go reáchtálfai é roimh an gcéad Chruinniú Boird eile.

05.192 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag na Comhaltaí seo a leanas:

- An Cathaoirleach, R. Uí Chollatáin, i dtaca le Comhar;
- M. Ní Chonghaile i dtaca leis an Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, le Scéim na bhFéilte, agus leis an Scéim Chóiríochta d'Ionaid Phobal Gaeilge;
- D. Ó Brolcháin i dtaca leis an Scéim Chóiríochta d'Ionaid Phobal Gaeilge;
- An Príomhfheidhmeannach, S. Ó Coinn, i dtaca le maoiniú na gCeanneagraíochtaí.

06.192 COVID 19

Thug an Stiúirthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- 4) Tá dul chun cinn á dhéanamh i dtaobh an mhaolaithe ar na srianta sláinte poiblí sa dá dhlinse;
- 5) Tá na hoifigí á n-athoscailt go céimnitheach faoi láthair, agus tá uasteorainn ar líon fostaithe i ngach oifig á bainistiú ó sheachtain go seachtain;

07.192 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas don ardú €700k a fógraíodh don Fhoras Teanga i gCáinainéis 2022 ó dheas, agus cuireadh in iúl nach bhfuil briseadh síos an ardaíthe sin idir Foras na Gaeilge agus Gníomhaireacht na hUltaise soiléirithe go fóill.

Tugadh suntas do chruinnithe ullmhúcháin a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúirthóir Seirbhísí Oideachais le hoifigigh sa Roinn Pobal faoi scéim dheontas i Ráithe 1 2022. Soiléiríodh gur scéim í seo de chuid na Roinne Pobal a mbeidh gach eagraíocht faoina scáth páirteach inti, agus go dtabharfadh an scéim tacaíocht do ghrúpaí pobail teacht aniar ó dheacrachtaí airgid agus fiacha a d'eascair as an dianghlasáil. Cuireadh roinnt ceistanna faoi threoirínte na scéime agus rioscaí calaoise, agus soiléiríodh go mbeidh an scéim caighdeánach thar na heagraíochtaí ar fad a bheidh ag plé léi thar ceann na Roinne, agus dearbhaíodh chomh maith go bhfuil socrúithe in áit a chinnteoidh go gcaithfear an t-airgead ar fad faoin amscála molta.

Fiosraíodh cad iad na deacrachtaí pleanála teanga a pléadh le Roinn na Gaeltachta faoi mhír 6 den tuairisc agus cuireadh in iúl go mbaineann sé le neamhréir sa scála pá d'oifigigh phleanála teanga faoi scáth Údarás na Gaeltachta agus faoi scáth Fhoras na Gaeilge. Tuairiscíodh go bhfuil próiseas earcaíochta na n-oifigeach pleanála teanga faoi na Líonraí Gaeilge curtha ar fionraí go dtí go réiteofar an scéal seo.

Fiosraíodh cad iad na deacrachtaí sa phróiseas pleanála teanga a pléadh ag ollchruinniú faoi cheantar Leithinis Uíbh Ráthaigh, agus cuireadh in iúl go bhfuil cuid mhaith den cheantar Gaeltachta ar an leithinis ag brath ar an gceantar atá lonnaithe taobh amuigh den Ghaeltacht. Soiléiríodh go raibh réimse leathan páirtithe i láthair an chruinnithe, agus tugadh ardmholadh don chur chuige seo chun na deacrachtaí a phlé.

Cheadaigh an Bord soláthar de €7,000 a chur ar fáil le haghaidh breis forbairtí ar an gcóras iarratais deontais ar líne.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Glacadh sos sláinte cúig nóiméad ag an bpointe seo.

08.192 SCEIDEAL CHRUINNITHE BOIRD 2022

Cuireadh sceideal molta faoi bhráid an Bhoird le haghaidh chruinnithe an Bhoird in 2022. Ardaíodh roinnt coimhlíní leis an sceideal molta, agus aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú ar an sceideal.

Fiosraíodh faoi shuíomh an Chruinnithe Boird in Nollaig 2021 agus aontaíodh go réachtálfaí é go hibrídeach ón gCeannáras i mBaile Átha Cliath, más ceadmhach faoin treoir sláinte phoiblí ag an am. Aontaíodh chomh maith go mbeadh na socrúithe hibrídeacha céanna in úsáid don chéad bhabhta eile de chruinnithe na gCoistí.

Aontaíodh go gcuirfí tús le rothlú ionad na gCruinnithe Boird arís le cruinniú Boird mhí Eanáir 2022 i mBéal Feirste, agus go mbeidh rogha fhíorúil ar fáil do gach Cruinniú Boird feasta.

09.192 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

a) Coiste na nDeontas

Maoiniú 2022 na gCeanneagraíochtaí

D'fhág an Príomhfheidhmeannach, S. Ó Coinn an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlín leasa.

Chuir Cathaoirleach Choiste na nDeontas moladh faoi bhráid an Bhoird i dtaobh mhaoiniú 2022 na gCeanneagraíochtaí agus bhí plé ina leith. Soiléiríodh go bhfuil caighdeánú le tabhairt isteach feasta faoin mbealach a dtuairiscítear eolas d'Fhoras na Gaeilge.

Pléadh láithreach ceanneagraíochta amháin ó thuaidh agus soiléiríodh go bhfuil foirne ag na Ceanneagraíochtaí ar fad ó thuaidh, agus go bhfuil plé le déanamh air sin roimh dheireadh na bliana.

Ghlac an Bord leis an moladh seo a leanas maoiniú a thabhairt do na Ceanneagraíochtaí.

Uimhir thagartha	Ainm	Méid Molta € 2022
2101072	Conradh na Gaeilge	€ 832,457
2101022	Cumann na bhFiann	€ 745,136

2101043	Gael Linn	€ 650,183
2101044	Gaeloideachas	€ 708,562
2101032	Glór na nGael	€ 1,078,615
2101060	Oireachtas na Gaeilge	€ 622,594

D’fhill S. Ó Coinn ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Glacadh sos sláinte 5 nóiméad ag an bpointe seo.

An Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-24

D’fhág M. Ní Chonghaile an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Thug an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha osradharc don Bhord ar na hiarratais faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge agus bhí plé ina leith. Dearbhaíodh go gcuirfí aiseolas ar fáil do na hiarratais nár éirigh leo.

Fiosraíodh an féidir cur leis an soláthar atá ar fáil don scéim agus cuireadh in iúl go dtiocfadh deiseanna chun cinn le maoiniú breise a thabhairt do dheontaithe na Scéime amach anseo mar a rinneadh don SPG i mbliana.

Glacadh leis an moladh maoiniú a thabhairt do 36 deontaí faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge [**féach Aguisín A**]

Glaoch 1 de Scéim na bhFéilte 2022

Chuir Cathaoirleach Choiste na nDeontas moladh faoi bhráid an Bhoird i dtaobh ghlaoch 1 de Scéim na bhFéilte 2022 agus ghlac an Bord leis an moladh maoiniú a thabhairt do 19 deontaí faoin gcéad ghlaoch den Scéim [**féach Aguisín B**].

b) An Coiste Forbartha

An Scéim Cóiríochta Aonuaire d’Ionaid Phobail Gaeilge

D’fhág D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Ghlac an Bord le leagan amach agus critéir cháilithe na Scéime Cóiríochta Aonuaire d’Ionaid Phobail Gaeilge agus tugadh cead don Fheidhmeannas an scéim a fhógairt. Tugadh suntas don amscála gearr le buiséad na scéime a chaitheamh faoi dheireadh na bliana, agus faoi Mhír 3.1 den Scéim Tharmligin, tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach, i gcomhairle leis an gCathaoirleach, íocaíochtaí a cheadú agus faomhadh siarghabhálach ar an gcaiteachas sin a lorg ón mBord ag an gcéad chruinniú eile.

D’fhill M. Ní Chonghaile agus D. Ó Brolcháin ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Thug Cathaoirleach an Choiste Forbartha cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha. Tugadh suntas do na nithe seo a leanas:

- i. Glacadh leis na téarmaí tagartha;
- ii. Tugadh nuashonrú ar an luacháil ar an gCur Chuige Comhpháirtíochta. Tá conradh seirbhíse le fógairt go luath;

- iii. Pléadh próiseas dréachtaithe Phlean Corparáideach 2023-25 agus an comhairliúchán poiblí a ghabhann leis. Beidh seisiún comhairliúcháin leis an mBord ar an 9 Nollaig ag 17:00.
- iv. Rinneadh athbhreithniú ar réimsí oibre na gCoistí Boird agus moladh dhá mheitheal chomhairleach a bhunú i réimse an oideachais agus i réimse na cumarsáide. Ghlac an Bord leis an moladh seo;
- v. Pléadh an obair luachála ar thionscadal an fhoclóra, agus moladh don Bhord staidéar comparáideach idir an tionscadal seo agus tionscadail eile foclóireachta i mionteangacha a cheadú. Ghlac an Bord leis an moladh seo; agus
- vi. Moladh an cás gnó chun tús a chur le tionscadail foclóireachta Gaeilge-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla agus maoiniú de €5,070,565 thar tréimhse de 6 bliana a sholáthar, agus bhí plé ina leith. Cuireadh roinnt ceisteanna faoi na costais, agus faoin amscála, agus dhearbhaigh an Príomhfheidhmeannach go raibh sé muiníneach as na figiúirí a bhí léirithe sa chás gnó. Chuir sé in iúl gur ghá a chinntiú go mbeadh na pleananna solúbtha go leor le dul i ngleic le hathruithe sa teicneolaíocht a d'fhéadfadh teacht chun tosaigh idir seo agus deireadh an tionscadail. Ghlac an Bord leis an moladh.

c) An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste Osradhairc cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcuinniú den Choiste Osradhairc. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Roghnaíodh C. McGuinness mar Leas-Chathaoirleach;
- ii. Aontaíodh sceideal cruinnithe 2022 an Choiste;
- iii. Pléadh comhfhreagras le Cumann Chluain Árd agus le Comhar; agus
- iv. Pléadh oiliúint do Chathaoirligh na gCoistí Boird.

Phléigh an Bord cás Chumann Chluain Árd agus rinneadh plé faoi bhealaí leis an gcaidreamh leo a fheabhsú.

d) An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchta cuntas ar na nithe a pléadh ag an gcuinniú den Choiste Iniúchta. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Roghnaíodh L. Rushe mar Leas-Chathaoirleach;
- ii. Pléadh an Clár Rioscaí, agus cuireadh é faoi bhráid an Bhoird. Ghlac an Bord leis;
- iii. Pléadh na leaganacha athbhreithnithe de na Polasaithe Sceithireachta agus Calaoise, agus cuireadh faoi bhráid an Bhoird iad. Ghlac an Bord leo;
- iv. Tugadh suntas don Mheamram Airgeadais nua, agus cuireadh an rún seo a leanas faoi bhráid an Bhoird ina thaobh:

Dearbhaíonn an Bord a dtiomantas do neamhspleáchas Fhoras na Gaeilge mar fhoras thuaidh theas, ar mhaithe le leas na Gaeilge agus pobal na Gaeilge agus táimid tiomanta de chinntiú nach mbainfeadh den neamhspleáchas sin i bhfeidhmiú an Mheamraim Airgeadais leasaithe. Aithníonn an Bord go mbeidh méadú ar leibhéil an tuairiscithe do na ranna rialtais de bharr leasuithe sa Mheamram Airgeadais nua, agus dá réir beimid ag tathaint ar na ranna urraíochta cur leis na hacmhainní foirne atá ar fáil chuige sin.

Ghlac an Bord leis an rún.

Glacadh sos lóin 10 nóiméad ag an bpointe seo.

Ghabh S. Ní Chéide a leithscéal nach bhféadfadh sí fanacht don chuid eile den chruinniú, agus d'fhág sí an cruinniú.

10.192 CUR I LÁTHAIR AR IONADAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA FHORAS NA GAEILGE – NPLD AGUS EFNIL

Tháinig an Dr S. Ó Cearnaigh, clárghainisteoir na Rannóige Pleanála Corparáidí, i láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

Rinne an Leas-Phríomhfheidhmeannach agus S. Ó Cearnaigh cur i láthair don Bhord ar bhallraíocht Fhoras na Gaeilge ar an NPLD agus ar EFNIL, dhá eagraíocht Eorpacha a phléann le mionteangacha timpeall na hEorpa, agus bhí plé ina leith. Cuireadh ceist faoinár mballraíocht ar FUEN.

Gabhadh buíochas le E. Ní Chorráin, agus le S. Ó Cearnaigh agus d'fhág S. Ó Cearnaigh an cruinniú.

Ghabh F. Nic Giolla Chatháin a leithscéal nach bhféadfadh sí fanacht don chuid eile den chruinniú, agus d'fhág sí an cruinniú.

11.192 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 MEÁN FÓMHAIR 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Go bhfuil caiteachas trí cheathrú den bhliain clúdaithe sa leagan seo den Ráiteas Caiteachais;
- ii. Tá caiteachas fós taobh thiar den áit a mbíodh sé de ghnáth faoin am seo den bhliain, agus tá gníomhartha éagsúla á nglacadh le luas a chur le caiteachas;
- iii. Tá díolacháin ÁIS ag déanamh go maith i mbliana; agus
- iv. Beidh dúshlán go leor ann gach rud a chaitheamh faoi dheireadh na bliana.

Dearbhaíodh nach dtarraingeofaí maoiniú ó na Ranna nach bhféadfaí a chaitheamh roimh dheireadh na bliana.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais, agus athdhearbhaíodh go bhfuil cead an Bhoird ag an bPríomhfheidhmeannach faoi Mhír 3.1 den Scéim Tharmligin, i gcomhairle leis an gCathaoirleach íocaíochtaí a cheadú agus faomhadh siarghabhálach an Bhoird a lorg ar an gcaiteachas ag an gcéad chruinniú eile.

12.192 COMHFHREAGRAS

D'fhág an Cathaoirleach, R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa, agus chuaigh C. McGuinness sa chathaoir.

Tugadh nuashonrú don Bhord faoi chomhfhreagras a tháinig ó Chathaoirleach Chomhar le déanaí agus cuireadh in iúl go raibh inní ar an bPríomhfheidhmeannach go dtiocfadh ceisteanna a bhaineann le cothroime agus oibiachtúlacht chun cinn dá bpléifí an litir leis an mBord ar an ábhar gur éileamh ar bhreis maoinithe atá i gceist leis an gcomhfhreagras.

Socraíodh an comhfhreagras a scaipeadh ar chomhaltaí, agus aontaíodh go bpléifí an litir ag an gcéad chruinniú boird eile nuair a bheadh sí léite ag Comhaltaí.

D'fhill R. Uí Chollatáin ar láthair an chruinnithe agus chuaigh sí sa chathaoir arís.

13.192 AON GHNÓ EILE

Cuireadh in iúl go mbeidh seisiún comhairliúcháin leis an mBord ar Phlean Corparáideach 2023-25 ar siúl ar an 9 Nollaig, an tráthnóna roimh an gcéad Chruinniú Boird eile.

Cuireadh in iúl go mbeadh seisiún neamhfhoirmeálta 30 nóiméad roimh gach Cruinniú Boird feasta, agus go gcuirfí tús leis an nós sin ag an gcéad Chruinniú Boird eile i mí na Nollag.

Iarradh ar Chomhaltaí moltaí le haghaidh chlár na gcrúinnithe leis na hAirí a chur ar aghaidh faoin Máirt.

Bhí seisiún gan Feidhmeannas ag Comhaltaí i ndiaidh an chruinnithe.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
10 Nollaig 2021

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Regina Uí Chollatáin		Ceaptha 05/05/2021			✓	✓	✓	✓	
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓	✓	Ceapachán éagtha 06/07/2021			
Conor McGuinness**	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	X	
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Liam Rushe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	
Freda Nic Giolla Chatháin		Ceaptha 05/05/2021			✓	X	✓	✓	
Ian Ó Dochartaigh					Ceaptha 30/07/2021		✓	✓	

* Cruinniú Speisialta den Bhord

** D'imigh ceapachán Conor McGuinness in éag 23/06/2021. Athcheapadh é mar Leas-Chathaoirleach 30/07/2021

Aguisín A: Moltaí Maoinithe na Scéime Forbartha Líonraí Gaeilge 2022-24

Ardchéim (suas le €47,000/£41,000 in aghaidh na bliana)		
Iarratasóir	Contae	Deontas Iomlán Molta
Muintir Chrónáin Teo.	Baile Átha Cliath	€ 141,000
Líonra Leitir Ceanainn	Dún na nGall	€ 141,000
Gael-fhorbairt na Gaillimhe	Gaillimh	€ 141,000
Ionadh Uíbh Eachach	Aontroim	£ 123,000
Coiste Forbartha Charn Tóchair	Doire	£ 123,000
An Clár as Gaeilge	An Clár	€ 141,000
Gaeilge Locha Riach	Gaillimh	€ 141,000
Coiste Dúiche Mhaigh Eo	Maigh Eo	€ 141,000
Glór na Móna	Aontroim	£ 123,000

[Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.]

Meánchéim (suas le €47,000/£41,000 in aghaidh na bliana)		
Iarratasóir	Contae	Deontas Iomlán Molta
Glór Cheatharlach	Ceatharlach	€ 141,000
An Cumann Gaelach Muineachán	Muineachán	€ 141,000
Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Aontroim	£ 123,000
Gaelphobal Ard Mhacha Theas	Ard Mhacha	£ 123,000
Gaeil na nGlinntí	Aontroim	£ 123,000
Cill Dara le Gaeilge	Cill Dara	€ 141,000
Glór na Spéiríní	Doire	£ 123,000
Ionad na Fuiseoige	Aontroim	£ 123,000
Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	An Dún	£ 123,000
Pobal Ar A'n Iúil	Tír Eoghain	£ 123,000
Cumann Gaelach na hEaglaise	Baile Átha Cliath	€ 141,000
Cumann Gaelach Leath Chathail	An Dún	£ 123,000
Glór Uachtar Tíre	An Dún	£ 123,000
An Droichead	Aontroim	£ 123,000
Cairde Teo	Ard Mhacha	£ 123,000
Comhluadar	Luimneach	€ 132,000
Croí Éanna	Aontroim	£ 123,000
Gaelphobal Thamhlachta	Baile Átha Cliath	€ 138,000
Cairde Uí Néill	Tír Eoghain	£ 123,000

Bunchéim (suas le €15,000/£13,000 in aghaidh na bliana)		
Iarratasóir	Contae	Deontas Iomlán Molta
Glór Dhún Geimhin	Doire	£ 39,000
Tús Nua	Fear Manach	£ 39,000
Glor Léim an Mhadaigh	Doire	£ 39,000
Glór Inis Eoghain	Dún na nGall	€ 45,000
Gaeilge Nuada	Cill Dara	€ 45,000

Aguisín B: Moltaí Maoinithe – Glaoch 1 de Scéim na bhFéilte 2022

[Tá faisnéis fágtha ar lár sa tábla thíos toisc gur faisnéis dhíolmhaithe í faoi Chuid 2, Míreanna 1 agus 6 den Chód Cleachtais maidir le Saoráil Faisnéise.]

Uimhir Thagartha	Iarratasóir	Méid Molta €	Méid Molta £
2101057.05	Cúirt Féile Idirnáisiúnta Litríochta	€ 3,500	
2101057.06	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain		£ 2,450
2101057.14	Féile Scoildrámaíochta Uladh	€ 1,400	
2101057.10	Féile na Bealtaine	€ 3,500	
2101057.03	Comharchuman Shailearna Teo	€ 3,500	
2101057.13	Féile Róise Rua	€ 3,000	
2101057.07	Éigse na Brídeoige	€ 3,000	
2101057.18	Ionad Uíbh Eachach		£ 1,365
2101057.22	Coiste Ghaeloideachas Chromghlinne		£ 2,100
2101057.04	Consairtín	€ 1,800	
2101057.01	Alliance Française Dublin	€ 1,800	
2101057.15	Glór Cheatharlach	€ 660	
2101057.17	Glór na Móna		£ 2,100
2101057.19	Navan Choral & Instrumental Festival	€ 3,000	
2101057.16	Glór Dhún Geimhin		£ 1,500
2101057.12	Féile Nasc Teoranta	€ 2,500	
2101057.11	Féile na hÓmaí		£ 390
2101057.02	An Chrannóg		£ 1,750

Miontuairiscí ón 193ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 10 Nollaig 2021 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath agus ar líne ar Zoom

I láthair: R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leas-Chathaoirleach), M. Ní Neachtain, S. Ní Chéide, W. Majekodunmi, N. Ní Chiaráin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, agus F. Nic Giolla Chatháin.

Ar líne: D. Ó Brolcháin, L. Rushe, M. Ní Chonghaile, agus D. Mac Cárthaigh.

Ag freastal: S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), B. Mac Craith, agus K. Johnston.

Ar líne: J. Ó Labhraí.

Leithscéalta: L. Ní Riada, N. Ó Gallochobhair, agus S. Ó hEidhin.

01.193 FÁILTE ÓN GCATHAOIRLEACH

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh Chomhaltaí Boird chuig an gcrúinniú, atá á reáchtáil go hibrídeach, agus ghabh sí a buíochas le Comhaltaí as an iarracht a dhéanamh freastal ar láthair fhisiciúil an chruinnithe.

Tugadh suntas dó go dtiocfaidh deireadh le tréimhsí comhaltais na gComhaltaí Boird M. Ní Neachtain, S. Ní Chéide agus N. Ó Gallochobhair an tseachtain seo chugainn. Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leo as a bhfuil curtha acu le hobair an Bhoird le linn a gcomhaltas, go háirithe ina ról mar Chathaoirligh ar an gCoiste Forbartha agus ar Choiste na nDeontas.

Ritheadh rún comhghairdis le S. Ó hEidhin agus a bhean ar bhreith a mic, Luan.

Ritheadh rún comhbhróin le M. Ní Neachtain ar bhás a máthar.

02.193 GNÓ AN CHATHAOIRLIGH

Thug an Cathaoirleach achoimre ar shocruithe praiticiúla agus sláinte an chruinnithe hibridigh agus ghabh sí a buíochas leis an bhFeidhmeannas as na socruithe sin a chur i bhfeidhm.

Gabhadh buíochas le Comhaltaí Boird as a gcuid aiseolais ar an sceideal cruinnithe do 2022. Cuireadh in iúl go bhfuil sceideal nua ullmhaithe ag an gCathaoirleach agus go scaipfeadh sin ar Chomhaltaí i ndiaidh an chruinnithe.

Pléadh agus cuireadh in iúl go n-eagrófaí seisiún eile pleanála corparáidí leis an mBord don athbhliain, agus go roinnfí na sonraí maidir leis sin nuair a bheidh siad socraithe.

03.193 MIONTUAIRISCÍ AN CHRUINNITHE BOIRD 29 DEIREADH FÓMHAIR 2021

Iarradh go leasófaí tagairt ar an gclár tinrimh do na Cruinnithe Boird.

Glacadh leis na miontuairiscí agus an leasú thuasluaite curtha i bhfeidhm.

04.193 NITHE AG ÉIRÍ AS NA MIONTUAIRISCÍ

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur pléadh caidreamh Fhoras na Gaeilge le Cumann Chluain Ard ag leibhéal an Choiste Osradhairc agus go bhfuil socrú déanta le Cumann Chluain Ard seisiún comhairliúcháin phoiblí ar Phlean Corparáideach 2023-2025 a óstáil thar cheann Fhoras na Gaeilge in 2022.

Cuireadh in iúl go bhfuil an leagan nua den Mheamram Airgeadais anois i bhfeidhm.

Iarradh nuashonrú ar thuarastail na nOifigeach Pleanála Teanga sna Líonraí Gaeilge, agus cuireadh in iúl go bhfuil Foras na Gaeilge ag fanacht go fóill le treoir ón Roinn TCEGSM ina thaobh seo. Dearbhaíodh go mbeidh an próiseas earcaíochta ar fionraí go dtí go n-eiseofar an treoir sin.

Fiosraíodh an bhfuil aon phleanálaí teanga fostaithe ag Foras na Gaeilge, agus cuireadh in iúl go bhfuil oiliúint agus cáilíochtaí pleanála teanga ag roinnt fostaithe de chuid Fhoras na Gaeilge a bhíonn ag plé leis an réimse sin, go bhfuil an comhordaitheoir pleanála teanga cáilithe, agus go bhfuil pleanálaí teanga seachtrach ar fáil chomh maith ar conradh seirbhíse. Fiosraíodh ar chóir coiste comhairleach pleanála teanga a bhunú. Iarradh ar an gCoiste Forbartha an cheist a chíoradh.

05.193 BAOL COIMHLINTÍ LEASA

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlint leasa ag Comhaltaí mar seo a leanas:

- An Cathaoirleach, R. Uí Chollatáin, le Comhar;
- M. Ní Neachtain le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon;
- M. Ní Chonghaile le Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon agus leis an Scéim Cóiríochta Aonuaire d'Ionaid Phobail Gaeilge;
- D. Ó Broilcháin leis an Scéim Cóiríochta Aonuaire d'Ionaid Phobail Gaeilge; agus
- W. Majekodunmi leis an Scéim Raidió Pobal.

06.193 COVID 19

Thug an Príomhfheidhmeannach tuairisc maidir le socrúithe Fhoras na Gaeilge i dtaca le Covid-19. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i. Is é an chomhairle reatha sa dá dhlinse nár chóir dul chuig an láthair oibre ach amháin ar bhonn riachtanais;
- ii. Níl aon oifig de chuid Fhoras na Gaeilge dúnta go hiomlán faoi láthair;
- iii. Tá an t-oibrí trádstórais ag obair go lánaimseartha ó oifig ÁIS, bíonn beirt ag obair go rialta ó oifig Bhéal Feirste, bíonn beirt ag obair go rialta ó oifig Bhaile Átha Cliath, agus bíonn baill foirne oifigí Ghaoth Dobhair agus Ráth Chairn ag obair ó na hoifigí sin ó am go chéile;
- iv. Tá dúshlán maidir le hualaí oibre agus brú ag teacht chun cinn ag eascairt as fostaithe a bheith as láthair tinn le Covid-19 nó a bheith amuigh ag tabhairt aire dá bpáistí tinne.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le K. Johnston as tabhairt faoi na socrúithe teicneolaíochta don chruinniú hibrídeach boird.

07.193 TUAIRISC NA HARDBHAINISTÍOCHTA

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tugadh suntas do chaiteachas athdháilte na bliana seo.

Pléadh na cruinnithe leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe a tuairiscíodh ar Thuairisc na hArdbhainistíochta, agus fiosraíodh cén seasamh a ghlac Foras na Gaeilge sa chomhairliúchán poiblí ar an tsonraíocht siollabais ardteiste le déanaí. Cuireadh in iúl gur thug Foras na Gaeilge achoimre ar thuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla ina aighneacht féin, agus gur mhol sé comhairliúchán poiblí eile a reachtáil ar an dréacht-shonraíocht a thiofáidh as an bpróiseas reatha comhairliúcháin. Moladh prótacal a fhorbairt a ligfeadh do Chomhaltaí Boird aighneachtaí de chuid Fhoras na Gaeilge a fheiceáil.

Thug an Bord faomhadh siarghabhálach d'íocaíocht de €7,500 le Lexical Computing a ceadáíodh faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin chun obair bhreise a dhéanamh ar an gcorpas foclóireachta.

D'fhág M. Ní Chonghaile agus D. Ó Brolcháin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Thug an Bord faomhadh siarghabhálach do chiste deontais na Scéime Cóiríochta Aonaire d'Ionaid Phobail Gaeilge a ceadáíodh faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin [féach Aguisín A].

D'fhill M. Ní Chonghaile agus D. Ó Brolcháin ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo. D'fhág R. Uí Chollatáin an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa agus chuaigh C. McGuinness sa chathaoir.

Thug an Bord faomhadh siarghabhálach d'íocaíocht de €6,000 le Comhar a ceadáíodh faoi mhír 3 den Scéim Tharmligin chun grúpa scríbhneoirí nua a chlárú leis an tionscadal Portráidí.

D'fhill R. Uí Chollatáin ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo agus chuaigh sí ar ais sa chathaoir.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

Bhí sos sláinte ann ag an bpointe seo.

08.193 PLEAN GNÓ 2022

Cuireadh an dréacht deiridh de Phlean Gnó 2022 faoi bhráid an Bhoird agus bhí plé ina leith. Tuairiscíodh go bhfuil sé i gceist ag na Ranna an Plean Gnó a cheadú roimh dheireadh na bliana, lena chur faoi bhráid an CATT san athbhliain.

Fiosraíodh conas a dhéantar measúnú ar chur i bhfeidhm an Phlean Gnó agus soiléiríodh go bpléann an Coiste Osradhairc le measúnaithe feidhmíochta de réir an Phlean Gnó ag deireadh gach bliain. Cuireadh in iúl go bhfoilsítear liosta buaicphointí ag deireadh gach bliain chomh maith.

Soiléiríodh go leagtar an Plean Gnó i nGaeilge amháin leis an dá Roinn, agus go n-ullmhaíonn an Roinn Pobal leagan Béarla de.

Glacadh le Plean Gnó 2022.

09.193 TUAIRISCÍ Ó CHOISTÍ AN BHOIRD

a) Coiste na nDeontas

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste ar an 26 Samhain.

Leasú Buiséid Chumann na bhFiann 2021

Thug an Bord suntas do leasú buiséid Chumann na bhFiann 2021.

Leasú Próifil Náiscoil na Seolta

Thug an Bord suntas do leasú buiséid do Náiscoil na Seolta

Iarratas breise faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021-2022

Cheadaigh an Bord an t-iarratas breise seo a leanas faoi Scéim na nImeachtaí Óige 2021-22:

Uimhir thagartha	Ainm an eagrais	Méid 2021	Méid 2022	Iomlán
2101010.37	Ionad na Fuiseoige	£ 1,750.00	£ 1,750.00	£ 3,500.00

Gaelbhratach 2022

Cheadaigh an Bord maoiniú €120,000 a chur ar fáil do Ghael Linn leis an tionscadal Gaelbhratach a riar don bhliain 2022 (uimhir thagartha: 2101079). Tuairiscíodh gur thug Coiste na nDeontas suntas don liosta fada feithimh atá ag an tionscadal, agus gur mian leis an gCoiste tosaíocht a dhéanamh d'iarratais faoin nGaelbhratach atá lonnaithe i mBailte Seirbhíse Gaeltachta. Cuireadh in iúl chomh maith go molann an Coiste poiblíocht bhreise a dhéanamh ar an tionscadal ó thuaidh.

An tÁisaonad Lán-Ghaeilge 2022

Cheadaigh an Bord maoiniú £272,486 a chur ar fáil do Choláiste Ollscoile Naomh Muire leis an Áisaonad Lán-Ghaeilge a riar don bhliain 2022 (uimhir thagartha: 2101078).

Misean Oirthear Bhéal Feirste 2022-2024

Cheadaigh an Bord maoiniú £188,934 a chur ar fáil do Mhisean Oirthear Bhéal Feirste leis an gclár Turas a rith don tréimhse 2022-2024 (uimhir thagartha: 2101085).

Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíon 2022

D'fhág M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Cheadaigh an Bord maoiniú €69,936.78 a chur ar fáil do 7 ndeontáí faoi Scéim na Mór-
Imeachtaí Ealaíon 2022 [féach Aguisín B].

D'fhill M. Ní Chonghaile agus M. Ní Neachtain ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

An Scéim Raidió Pobal 2022-2024

D'fhág W. Majekodunmi an cruinniú ag an bpointe seo de bharr baol coimhlint leasa.

Cheadaigh an Bord maoiniú ar luach £730,800 a chur ar fáil do Raidió Fáilte (uimhir
thagartha: 2101081) agus maoiniú ar luach €840,000 a chur ar fáil do Raidió na Life (uimhir
thagartha: 2101080) faoin Scéim Raidió Pobal don tréimhse 2022-2024.

D'fhill W. Majekodunmi ar láthair an chruinnithe ag an bpointe seo.

b) An Coiste Osradhairc

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag na cruinnithe den Choiste
Osradhairc ar an 16 Samhain agus ar an 7 Nollaig. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) Pléadh tuairiscí maidir le cúrsaí buiséid;
- ii) Pléadh téarmaí tagartha don seisiún oiliúna do Chathaoirligh na gCoistí Boird, a bheidh le socrú i mí Eanáir;
- iii) Pléadh an caidreamh le Cumann Chluain Ard;
- iv) Pléadh litir ó SIPTU faoin bpróiseas oiriúnaithe; agus
- v) Pléadh deacrachtaí maoinithe Chomhar.

c) An Coiste Forbartha

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste
Forbartha ar an 01 Nollaig. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) Pléadh na dréacht-théarmaí tagartha do na meithleacha comhairleacha Boird.
Iarradh ar Chomhaltaí aiseolas agus moltaí ar na dréacht-théarmaí tagartha a chur
ar aghaidh chuig Cathaoirleach an Choiste Forbartha le go bpléifeadh an Coiste
leo i mí Eanáir;

Ritheadh rún buíochais le M. Ní Neachtain as an obair a chuir sí isteach ar théarmaí tagartha
na meithleacha ag an am deacair seo ina saol pearsanta.

Ghabh M. Ní Neachtain buíochas leis an mBord agus le foireann Fhoras na Gaeilge as an
gcuidiú a tugadh di le linn a tréimhse mar Chomhalta Boird agus mar Chathaoirleach ar an
gCoiste Forbartha agus ar an gCoiste Iniúchta go háirithe. Ghuigh sí gach rath ar an obair
agus a tréimhse comhaltais ag teacht chun deiridh.

d) An Coiste Iniúchta

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste
Forbartha ar an 29 Samhain. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) Tugadh nuashonrú ar fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil 2019;
- ii) Glacadh leis an gClár Rioscaí, atá á chur faoi bhráid an Bhoird le faomhadh.

Glacadh leis an gClár Rioscaí.

Bhí sos sláinte ann ag an bpointe seo.

10.193 CUR I LÁTHAIR AR THACAÍOCHT FHORAS NA GAEILGE LE HOIDEACHAS GAEILGE AGUS LE MÚINEADH NA GAEILGE

Tháinig S. Ó Coinne, Clárghainisteoir na Rannóige Oideachais, agus S. Ó Murchú, Eagarthóir Sinsearach an Ghúm, i láthair an chruinnithe.

Rinne S. Ó Coinne agus S. Ó Murchú cur i láthair ar na tacaíochtaí a chuireann Foras na Gaeilge ar fáil leis an oideachas Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge, agus bhí plé ina leith.

Gabhadh buíochas le S. Ó Coinne agus le S. Ó Murchú agus d'fhág siad an cruinniú.

11.193 RÁITEAS CAITEACHAIS GO 30 SAMHAIN 2021

Chuir an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas Caiteachais i láthair an Bhoird. Tugadh suntas do na pointí seo a leanas:

- i) D'iarr comhaltaí go gcuirfí leagan den ráiteas caiteachais ar fáil ar Scarbhileog Excel seachas PDF a bhí ródheacair a léamh;
- ii) Tá sciar iomlán Fhoras na Gaeilge tarraingthe anuas i mbliana;
- iii) Níl iomláine an tsoláthair buiséid do Chlár na Leabhar Gaeilge tarraingthe anuas i mbliana, de bharr brúnna foirne. Soiléiríodh nach bhfuil ach triúr fostaithe i gClár na Leabhar Gaeilge agus nach raibh ach ball amháin díobh ann faoi láthair.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

Glacadh le moladh ón bhfeidhmeannas go mbeidh cead an Bhoird ag an bPríomhfheidhmeannach i gcomhar leis an gCathaoirleach íocaíochtaí thar €50,000 a cheadú agus faomhadh siarghabhálach an Bhoird a lorg ar an gcaiteachas ag an gcéad chruinniú eile.

12.193 COMHFHREAGRAS

Ní raibh aon ní le plé faoin mír seo.

13.193 AON GHNÓ EILE

Iarradh nuashonrú ar an bplean oibre i gcás ceann de na Ceanneagraíochtaí.

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leis na Comhaltaí as a gcuid oibre le linn na bliana. Ghabh sí buíochas le foireann an Fhorais agus leis an Ardbhainistíocht as a gcuid oibre ar fad i rith na bliana. Ghuigh sí beannachtaí na Nollag agus na hathbhliana ar gach duine i láthair an chruinnithe.

Regina Uí Chollatáin

Regina Uí Chollatáin
Cathaoirleach
21 Eanáir 2022

Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2021

	29/01/ 2021	01/03/ 2021*	12/03/ 2021	23/04/ 2021	11/06/ 2021	30/07/ 2021	17/09/ 2021	29/10/ 2021	10/12/ 2021
Regina Uí Chollatáin		Ceaptha 05/05/2021			✓	✓	✓	✓	✓
Barra Ó Muirí	✓	✓	✓	✓	✓	Ceapachán éagtha 06/07/2021			
Conor McGuinness**	✓	✓	✓	✓	✓		✓	✓	✓
Maighréad Ní Chonghaile	✓	✓	✓	✓	X	✓	X	✓	✓
Máire Ní Neachtain	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Sorcha Ní Chéide	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Niall Ó Gallochobhair	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓	X	X
Daithí Mac Cárthaigh	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Wuraola Majekodunmi	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Neasa Ní Chiaráin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Liam Rushe	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	X	✓
Liadh Ní Riada	✓	✓	✓	✓	X	✓	✓	✓	X
Doiminic Ó Brolcháin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Caoimhín Mac Giolla Mhín	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Kevin Ó hEadhra	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Freda Nic Giolla Chatháin		Ceaptha 05/05/2021			✓	X	✓	✓	✓
Ian Ó Dochartaigh					Ceaptha 30/07/2021		✓	✓	✓

* Cruinniú Speisialta den Bhord

** D'imigh ceapachán Conor McGuinness in éag 23/06/2021. Athcheapadh é mar Leas-Chathaoirleach 30/07/2021

Aguisín A: Caiteachas a d’fhaomh an Bord go siarghabhálach faoin Scéim Cóiríochta Aonuaire d’Ionaid Phobail Ghaeilge

Uimhir thagartha	Ainm an Eagrais	Méid
2101094	Muintir Chrónáin Teo.	€ 23,500
2101103	Gael Forbairt na Gaillimhe	€ 23,500
2101096	Ionad Uíbh Eachach	£ 20,500
2101093	Coiste Forbartha Charn Tóchair	£ 20,500
2101102	Glór na Móna	£ 20,500
2101091	Cumann Cluain Árd	£ 20,500
2101097	Aonach Mhacha	£ 20,500
2101087	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	£ 20,500
2101092	Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar	£ 20,500
2101095	Craobh an Iúir – Conradh na Gaeilge	£ 20,500
2101100	Glór Dhún Geimhin	£ 20,500
2101104	An Droichead	£ 20,500
2101090	Glór Léim an Mhadaidh	£ 15,480
2101105	Conradh na Gaeilge – An tAonach	€ 17,301
2101088	Craobh Inse Chór	€ 23,500
2101098	Scoil na Fuisgeoige	£ 20,500
2101099	Glór Uachtar Tíre	£ 10,265
2101101	Gaelphobal Thamhlachta – Conradh na Gaeilge	€ 23,500

Aguisín B: Moltaí Maoinithe faoi Scéim na Mór-Imeachtaí Ealaíona 2022

Uimhir thagartha	Ainm an Eagrais	Ainm an Tionscadail	Méid
2101082.03	Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain	Scoil Samhraidh Mhic Reachtain	£ 12,000
2101082.08	Pan Cheilteach Cheatharlach	An Comórtas Náisiúnta Amhrán Nua-Chumtha 2022 & An Fhéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2022	€ 7,200
2101082.04	Cumann Merriman	Scoil Gheimhridh Merriman 2022	€ 4,900
2101082.05	Féile an Phobail	Féile Lúnasa 2022	£ 11,000
2101082.07	Fleadh Cheoil na hÉireann, Mullingar	Fleadh Cheoil na hÉireann 2022	€ 6,400
2101082.01	An Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta	An Fhéile Náisiúnta Drámaíochta	€ 15,000
2101082.06	Féile na Gealaí	Féile na Gealaí 2022	€ 10,000